*Uimhir* 37 *de* 2012

# AN tACHT UM PINSIN NA SEIRBHÍSE POIBLÍ (SCÉIM AONAIR AGUS FORÁLACHA EILE), 2012

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua.
2. Míniú (*Codanna 1* agus *2*).
3. Aisghairm.
4. Caiteachais.

CUID 2

Pinsin na Seirbhíse Poiblí

Caibidil 1

*Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 2)*

5. Léiriú (*Cuid 2*).
6. Feidhm (*Cuid 2*).
7. Srian le feidhm achtachán áirithe, etc.
8. Rialacháin (*Cuid 2*).

Caibidil 2

*An Scéim Aonair*

*Bunú agus Comhaltas na Scéime, etc.*

9. An Scéim agus an comhaltas.
10. Comhalta den Scéim, etc.
11. Inphinseanacht liúntas, díolaíochtaí agus íocaíochtaí gaolmhara.

12. Na sochair pinsin a bheidh le híoc le comhaltaí den Scéim nó le hiarchomhaltaí den Scéim.

13. Gnáthaois scoir.

14. Gnáthaois pinsin.

15. Feidhm forálacha áirithe in Achtanna a bhaineann le scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

*Ranníocaí ag comhaltaí den Scéim, etc.*

16. Ranníocaí leis an Scéim, etc.

17. Ranníocaí a thabhairt ar ais i gcásanna áirithe.

*Sochair a ríomh agus imthosca i dtaca le híocaíochtaí faoin Scéim*

18. Méideanna is inchurtha.

19. Sochair scoir a ríomh.

20. Sochair scoir a ríomh — An tUachtarán.

21. Sochair scoir a ríomh — sealbhóirí oifige cáilithí.

22. Sochair scoir a ríomh — sealbhóirí oifigí breithiúnacha.

23. Sochair scoir a ríomh — an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

24. Sochair scoir a ríomh — comhaltaí de cheachtar Teach den Oireachtas.

25. Sochair scoir a ríomh — sealbhóirí oifige ainmnithe.

26. Sochair scoir a ríomh — comhaltaí den Scéim a bhféadfar a cheangal orthu dul ar scor go luath.

27. Luathscor atá neodrach ó thaobh costais de.

28. Sochair a chaomhnú.

29. Scor ar fhorais liachta.

30. Bás sa tseirbhís.

31. Oibleagáid sochair a íoc faoin gCaibidil seo.

32. Pinsean a íoc, etc.

33. Pinsean marthanóra.

34. Pinsean marthanóra a dheonú agus a íoc.

35. Pinsean leanaí — deonú.

36. Pinsean leanaí — tairbhithe.

37. Pinsean leanaí — na daoine lena n-íocfar é.

38. Pinsean leanaí — na coinníollacha a ghabhann lena íoc, etc.

39. Pinsean leanaí— an ráta a ríomh agus íocaíocht.

*Coigeartuithe pinsin agus coigeartuithe eile*

40. Pinsean agus méideanna is inchurtha a choigeartú.

*Athbhreithniú ar an Scéim, etc.*

41. Athbhreithniú ar an Scéim.

42. Athrú ar rátaí ranníoca.

*Forálacha eile*

43. Dualgas an údaráis iomchuí taifid a choimeád, ranníocaí a ríomh, etc.

44. Íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste, etc.

45. Sochair scoir, etc., ró-íoctha, a aisíoc.

46. Luach saothair inphinsin agus fostaíocht chomhuaineach i níos mó ná post amháin, etc.

Caibidil 3

*Scéimeanna Pinsean Seirbhíse Poiblí atá ann cheana*

47. *Alt 40* a leathnú chuig scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

48. Feidhm na Scéime maidir le daoine áirithe.

Caibidil 4

*Forálacha is Infheidhme maidir le gach Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí*

49. Dualgas faisnéis, etc., a thabhairt.

50. An Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a úsáid.

51. Dualgas dearbhuithe a dhéanamh, etc.

52. Seirbhís inphinsin a laghdú agus a áireamh.

53. Scor nó laghdú sochar.

54. Teideal marthanóra chun pinsin.

Caibidil 5

*Leasuithe Iarmhartacha (Cuid 2)*

55. Leasú ar an Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004.

56. Leasú ar alt 14 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

57. Leasú ar alt 41 den Acht Oideachais (Leas), 2000.

58. Leasú ar ailt 105 agus 106 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

59. Leasú ar ailt 21 agus 24 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

60. Leasú ar alt 13 den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992.

61. Leasú ar alt 2 den Acht Ombudsman, 1980.

CUID 3

Forálacha atá Neodrach ó thaobh Costais de maidir le Luathscor do Bhreithiúna agus Oifigigh Chúirte Áirithe

62. Mínithe (*Cuid 3*).

63. Leasú ar alt 2 d'Acht 1961.

64. Leasú ar alt 4 d'Acht 1961.

65. Leasú ar alt 5(1) d'Acht 1991.

66. Leasú ar alt 6 d'Acht 1991.

CUID 4

Leasú ar an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2010

67. Míniú (*Cuid 4*).

68. Leasú ar alt 1 d'Acht 2010.

69. Leasú ar alt 2 d'Acht 2010.

70. Leasú ar alt 4 d'Acht 2010.

71. Leasú ar alt 5 d'Acht 2010.

72. Dualgas faisnéis, etc., a thabhairt.

73. An Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a úsáid.

74. Deireadh a chur le hamhrais.

AN SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ NACH mBAINEANN AN MÍNIÚ AR "COMHLACHT SEIRBHÍSE POIBLÍ" LEO

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht Uchtála, 2010 | 2010, Uimh. 21 |
| Na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998 | |
| An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 | 2010, Uimh. 24 |
| Achtanna na gCuideachtaí | |
| Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961 | 1961, Uimh. 16 |
| An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926 | 1926, Uimh. 27 |
| Na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 2008 | |
| Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 | 1961, Uimh. 39 |
| Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 2008 | |
| Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991 | 1991, Uimh. 23 |
| An tAcht Cosanta, 1954 | 1954, Uimh. 18 |
| Na hAchtanna Cosanta, 1954 go 2007 | |
| Na hAchtanna Fórsaí Cosanta (Pinsin), 1932 go 2004 | |
| An tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992 | 1992, Uimh. 15 |
| An tAcht Oideachais (Leas), 2000 | 2000, Uimh. 22 |
| An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 | 1992, Uimh. 7 |
| An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 | 1995, Uimh. 26 |
| An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 | 1996, Uimh. 33 |
| An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2010 | 2010, Uimh. 38 |
| An tAcht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 | 1981, Uimh. 30 |
| An tAcht Foraoiseachta, 1988 | 1988, Uimh. 26 |
| An tAcht Cuanta, 1946 | 1946, Uimh. 9 |
| An tAcht Cuanta, 1996 | 1996, Uimh. 11 |
| An tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 | 2006, Uimh. 25 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 | 2001, Uimh. 37 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980 | 1980, Uimh. 8 |
| Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 | 2007, Uimh. 25 |
| An tAcht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte, 1938 | 1938, Uimh. 38 |
| An tAcht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2001 | 2001, Uimh. 33 |
| Acht an Oireachtais (Liúntaisí do Chomhaltaí), 1938 | 1938, Uimh. 34 |
| An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha, 2009 | 2009, Uimh. 29 |
| An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1973 | 1973, Uimh. 22 |
| An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú), 1977 | 1977, Uimh. 29 |
| An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú), 1983 | 1983, Uimh. 32 |
| An tAcht Ombudsman, 1980 | 1980, Uimh. 26 |
| Acht na bPinsean, 1990 | 1990, Uimh. 25 |
| Acht na bPinsean (Laghdú), 1965 | 1965, Uimh. 13 |
| Acht na bPinsean (Méadú), 1964 | 1964, Uimh. 10 |

| | |
|---|---|
| An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 | 2000, Uimh. 30 |
| An tAcht um Chumhachtaí Aturnae, 1996 | 1996, Uimh. 12 |
| Acht Teaghlachas an Uachtaráin, 1938 | 1938, Uimh. 24 |
| An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 | 2004, Uimh. 7 |
| Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh | |
| An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 | 2005, Uimh. 26 |
| Na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963 | |
| An tAcht Aoisliúntas agus Pinsean, 1976 | 1976, Uimh. 22 |
| *Superannuation (Prison Officers), Act* 1919 | 9 & 10 Geo. 5, c. 67 |
| An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | 1997, Uimh. 39 |
| Achtanna Aoisliúntas na Múinteoirí, 1928 agus 1990 | |
| An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 | 2001, Uimh, 8 |
| An tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930 | 1930, Uimh. 29 |

*Uimhir* 37 *de* 2012

## AN tACHT UM PINSIN NA SEIRBHÍSE POIBLÍ (SCÉIM AONAIR AGUS FORÁLACHA EILE), 2012

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE SCÉIM PINSEAN SEIRBHÍSE POIBLÍ AONAIR A BHUNÚ AG A mBEIDH FEIDHM MAIDIR LE hIONTRÁLAITHE NUA SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ, DO DHÉANAMH SOCRÚ NACH mBEIDH FEIDHM AG SCÉIMEANNA PINSEAN SEIRBHÍSE POIBLÍ EILE MAIDIR LE hIONTRÁLAITHE NUA, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE PINSIN AGUS SOCHAIR EILE I LEITH SEIRBHÍS SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ AG IONTRÁLAITHE NUA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN PINSIN FAOIN SCÉIM PINSEAN SEIRBHÍSE POIBLÍ AONAIR A THREOIR-NASCADH; DÁ CHUMASÚ PINSIN FAOI SCÉIMEANNA PINSEAN SEIRBHÍSE POIBLÍ EILE A THREOIR-NASCADH; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN bhFAISNÉIS A SHOLÁTHAR IS GÁ CHUN SCÉIMEANNA PINSEAN SEIRBHÍSE POIBLÍ A OIBRIÚ GO CUÍ; DO NUACHÓIRIÚ AN DLÍ A BHAINEANN LE PINSIN A LAGHDÚ IN IMTHOSCA ÁIRITHE; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN ACHT UM AOISLIÚNTAS NA SEIRBHÍSE POIBLÍ (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2004 A LEASÚ; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE LEASUITHE IARMHARTACHA ÁIRITHE EILE; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE LUATHSCOR DO BHREITHIÚNA AGUS D'OIFIGIGH CHÚIRTE ÁIRITHE A BHEIDH NEODRACH Ó THAOBH COSTAIS DE; DO LEASÚ AN ACHTA UM BEARTA AIRGEADAIS ÉIGEANDÁLA AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL, 2010; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[28 *Iúil* 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

### CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua.

**1**.—(1) Féadfar an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh *alt 3* agus *Cuid 2* (seachas *fo-ailt (6)* agus *(7) d'alt 52*) agus *ailt 68* (seachas *mír (a)* a mhéid a chuirtear míniú ar "ordú coigeartaithe pinsean" isteach leis), *69* (seachas a mhéid a chuirtear fo-alt (1B) isteach leis in alt 2 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2010), *70* agus *71* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Féadfar na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 2012 a ghairm de na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 2008 agus *d'ailt 63* agus *64* le chéile.

(4) Féadfar Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 2012 a ghairm d'Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 2008 agus *d'ailt 65* agus *66* le chéile.

Míniú (*Codanna 1* agus *2*).

**2**.—Sa Chuid seo agus i *gCuid 2*, ciallaíonn "Aire" an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Aisghairm.

**3**.—Aisghairtear na forálacha seo a leanas:

(*a*) alt 5 d'Acht Teaghlachas an Uachtaráin, 1938;

(*b*) ailt 46(6) agus 57(2) d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961;

(*c*) Acht na bPinsean (Laghdú), 1965.

Caiteachais.

**4**.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## CUID 2

## Pinsin na Seirbhíse Poiblí

### Caibidil 1

### *Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 2)*

Léiriú (*Cuid 2*).

**5**.—(1) Sa Chuid seo agus sa *Sceideal*—

ciallaíonn "ordú uchtála" ordú chun leanbh a uchtáil, is ordú arna dhéanamh—

(*a*) roimh an lá bunaithe thar ceann Údarás Uchtála na hÉireann, ag an mBord Uchtála faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998, nó

(*b*) an lá bunaithe nó dá éis thar ceann Údarás Uchtála na hÉireann, ag an Údarás sin faoin Acht Uchtála, 2010;

ciallaíonn "na hailt faoi shochair a ríomh" *ailt 18* go *30* nó aon cheann de na hailt sin;

ciallaíonn “leanbh” leanbh nó leasleanbh, nó leanbh atá uchtaithe go dleathach ag comhalta éagtha, i gcás, maidir leis an leanbh—

(*a*) nach bhfuil aois 16 bliana slánaithe aige nó aici,

(*b*) go bhfuil aois 16 bliana slánaithe aige nó aici ach nach bhfuil aois 22 bhliain slánaithe aige nó aici agus—

(i) go bhfuil sé nó sí ag fáil teagasc oideachasúil lánaimseartha nó gairmtheagasc lánaimseartha, nó

(ii) go bhfuil teagasc nó oiliúint lánaimseartha á chur nó á cur air nó uirthi ag aon duine le haghaidh aon slí bheatha, aon ghairme nó aon trádála,

nó

(*c*) go bhfuil an leanbh buanéagumasaithe, mar gheall ar éiglíocht mheabhrach nó choirp, ar é féin nó í féin a chothabháil agus gurb amhlaidh, nuair a tháinig sé nó sí faoin mbuanéagumas den chéad uair, gur dhuine é nó í lenar bhain *mír (a)* nó *(b)*;

tá le “pinsean leanaí” an bhrí a thugtar dó in *alt 35*;

tá le “páirtnéir sibhialta” páirtnéir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn “Státseirbhís” Státseirbhís an Rialtais agus Státseirbhís an Stáit;

ciallaíonn “treoir praghsanna do thomhaltóirí” an Treoir Praghsanna do Thomhaltóirí (Gach Ítim) a d’fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh nó aon treoir choibhéiseach a fhoilsíonn an Oifig sin ó am go ham;

ciallaíonn “Pinsean Stáit ranníocach” an Pinsean Stáit (Ranníocach) is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh;

ciallaíonn “aisce báis”, ach amháin san abairt “aisce báis chaomhnaithe”, aisce is iníoctha de réir *alt 30*;

tá le “comhalta éagtha” an bhrí a thugtar dó in *alt 33*;

tá le “sealbhóir oifige ainmnithe” an bhrí a thugtar dó in *alt 25*;

ciallaíonn “iarchomhalta den Scéim” iarsheirbhíseach poiblí—

(*a*) atá i dteideal nó ag fáil sochair scoir faoin Scéim de bhua a sheirbhíse nó a seirbhíse mar sheirbhíseach poiblí, nó

(*b*) atá i dteideal sochair scoir a éileamh faoin Scéim ar dháta éigin sa todhchaí de bhua a sheirbhíse nó a seirbhíse roimhe sin mar sheirbhíseach poiblí;

ciallaíonn “árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh” oifig nó fostaíocht a shealbhú a bhfuil an duine lena mbaineann ina ranníocóir fostaithe de réir bhrí alt 12(1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 ina leith, agus ar ranníocóir fostaithe é nó í—

(*a*) atá faoi dhliteanas i leith ranníoc fostaíochta atá iníoctha de réir an ráta a shonraítear in alt 13(2) den Acht sin,

ach nach duine é nó í lena mbaineann airteagal 81, 82, 83 nó 88 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht), 1996 (I.R. Uimh. 312 de 1996), nó

(*b*) lena mbaineann airteagal 87 de na Rialacháin sin;

ciallaíonn "leanbh atá uchtaithe go dleathach", faoi réir *fho-alt (2)*, leanbh atá uchtaithe ag comhalta den Scéim nó ag iarchomhalta den Scéim (cibé acu ina aonar nó ina haonar nó i gcomhpháirt le haon duine eile) de bhun ordú uchtála nó de réir dlí tíre nó críche seachas an Stát, is uchtáil a aithnítear le dlí an Stáit mar ní atá bailí agus folaíonn sé, i ndáil le comhalta éagtha, leanbh a bhíodh—

(*a*) faoi choimeád an chomhalta éagtha,

(*b*) faoi choimeád chéile nó pháirtnéir sibhialta an chomhalta éagtha, nó

(*c*) faoi choimeád an chomhalta éagtha agus a chéile nó a céile i gcomhpháirt, ach sin sa chás amháin—

(i) go ndearna an comhalta éagtha nó, roimh bhás an chomhalta éagtha, go ndearna a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta, iarratas go cuí chun an leanbh a uchtáil, agus

(ii) sula gcríochnaítear an próiseas uchtála, go bhfaigheann an comhalta den Scéim nó an t-iarchomhalta den Scéim bás agus go ndéanann céile nó páirtnéir sibhialta an chomhalta éagtha an leanbh a uchtáil ina dhiaidh sin;

ciallaíonn "cnapshuim" méid seachas pinsean, arna ríomh de réir na Coda seo atá dlite de dhroim an comhalta den Scéim nó an t-iarchomhalta den Scéim do dhul ar scor, d'éirí as nó d'fháil bháis nó i gcás go scoireann sé nó sí ar shlí eile de bheith ina sheirbhíseach poiblí inphinsin nó ina seirbhíseach poiblí inphinsin;

ciallaíonn "glanluach saothair inphinsin", i ndáil le comhalta den Scéim, méid ar mó luach saothair inphinsin an chomhalta sin den Scéim i leith tréimhse pá nó sraith tréimhsí pá ná dhá oiread an ráta uasta pearsanta Pinsin Stáit ranníocaigh is iníoctha ó am go ham le duine nach bhfuil aon chleithiúnaí aosaithe nó aon chleithiúnaí linbh aige nó aici;

léifear "gnáthaois pinsin" de réir *alt 14*;

tá le "gnáthaois scoir" an bhrí a thugtar in *alt 13*;

ciallaíonn "dáta feidhme" an dáta a thiocfaidh an Scéim i ngníomh de bhun *alt 1(2)*;

"ciallaíonn "pinsean" an sochar nó na sochair, seachas aon chnapshuim, is iníoctha go tréimhsiúil—

(*a*) le duine, i leith a sheirbhíse nó a seirbhíse mar sheirbhíseach poiblí inphinsin, de dhroim é nó í do dhul ar scor, do bheith arna urscaoileadh nó arna hurscaoileadh, d'éirí as, nó de dhroim é nó í do scor ar shlí eile de bheith ina sheirbhíseach poiblí inphinsin nó ina seirbhíseach poiblí inphinsin, nó

(*b*) i leith na seirbhíse sin, le duine eile de dhroim bás a fháil nó ar shlí eile,

ach ní fholaíonn sé íocaíochtaí, ná an méid sin d'aon íocaíocht, a íoctar i leith aon díobháil a bhain dó nó di de dheasca na seirbhíse sin agus ina leith sin amháin;

ciallaíonn "post inphinsin" aon phost nó oifig, seachas—

(*a*) mar chomhalta d'údarás áitiúil (ar údarás áitiúil é de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001), nó

(*b*) mar Ard-Abhcóide Breithiúnais arna cheapadh nó arna ceapadh de bhun alt 15 den Acht Cosanta, 1954,

i gcomhlacht seirbhíse poiblí a ndearbhaítear sna coinníollacha seirbhíse a ghabhann leis an bpost nó leis an oifig gur post inphinsin é chun críocha na Scéime nó a luaitear i dtairiscint cheapacháin i scríbhinn chuig an bpost nó chuig an oifig gur post inphinsin é chun críocha na Scéime;

ciallaíonn "seirbhíseach poiblí inphinsin" seirbhíseach poiblí—

(*a*) atá fostaithe i bpost inphinsin ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó

(*b*) a shealbhaíonn oifig inphinsin nó post inphinsin eile i gcomhlacht seirbhíse poiblí;

ciallaíonn "luach saothair inphinsin", i ndáil le comhalta den Scéim agus i leith tréimhse pá nó sraith tréimhsí pá—

(*a*) bunphá (gan obair bhreis-ama a áireamh),

(*b*) liúntais lena mbaineann *alt 11*, agus

(*c*) díolaíochtaí lena mbaineann *alt 11*,

atá dlite don chomhalta den Scéim i leith na tréimhse pá sin nó na sraithe tréimhsí pá sin arna lua ar bhonn lánaimseartha;

ciallaíonn "scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana" scéim pinsean ceirde nó socrú pinsean, cibé ainm a thugtar uirthi nó air, le haghaidh aon chuid den tseirbhís phoiblí—

(*a*) dá bhforáiltear——

(i) leis na hAchtanna Aoisliúntas, nó fúthu, nó

(ii) le haon achtachán eile (seachas an tAcht seo) nó faoi, nó le haon bheart riaracháin eile, nó faoi, chun na críche céanna leis na hAchtanna Aoisliúntas agus a bhfuil an éifeacht chéanna leis atá leo, agus a mbeidh feidhm ghinearálta nó feidhm theoranta leis,

nó

(*b*) arna déanamh ag Aire iomchuí nó a bheidh ceadaithe ag Aire iomchuí nó ag an Aire nó acu araon, nó a gceanglaítear ceadú nó toiliú, cibé slí a bheidh sé sainráite, a fháil ó Aire iomchuí nó ón Aire, nó uathu araon, ina leith,

ach ní fholaíonn sé an Scéim ná aon scéim nó socrú i leith comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa *Sceideal*;

ciallaíonn "forordaithe", seachas in *ailt 22* agus *23*, forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 8*;

tá le "cnapshuim chaomhnaithe" an bhrí a thugtar in *alt 28*;

tá le "pinsean caomhnaithe" an bhrí a thugtar in *alt 28*;

ciallaíonn "seirbhíseach poiblí"—

(*a*) duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó a shealbhaíonn aon oifig nó post eile, i gcomhlacht seirbhíse poiblí,

(*b*) comhalta den Oireachtas,

(*c*) sealbhóir oifige breithiúnaí,

(*d*) an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

(*e*) sealbhóir oifige cáilithí, nó

(*f*) aon duine eile lena mbaineann na hailt faoi shochair a ríomh;

ciallaíonn "comhlacht seirbhíse poiblí"—

(*a*) an Státseirbhís,

(*b*) an Garda Síochána,

(*c*) na Buan-Óglaigh,

(*d*) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001,

(*e*) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

(*f*) coiste gairmoideachais arna bhunú faoi alt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930,

(*g*) faoi réir *alt 6(1)*, Banc Ceannais na hÉireann,

(*h*) aon chomhlacht eile (seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa *Sceideal*) arna bhunú—

(i) le hachtachán nó faoi achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí), nó

(ii) faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi, ar comhlacht é a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach trí airgead arna sholáthar, nó trí iasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú ag Aire den Rialtas nó trí eisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas,

a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim den sórt sin ina leith nó a bhféadfar scéim den sórt sin a dhéanamh ina leith,

(*i*) aon chomhlacht eile (seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa *Sceideal*) a ndéantar, go díreach nó go neamhdhíreach, é a mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Chiste sin agus a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim den sórt sin ina leith nó a bhféadfar scéim den sórt sin a dhéanamh ina leith,

(*j*) aon fhochuideachta de chomhlacht, nó aon chuideachta atá faoi rialú (de réir bhrí alt 10 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) comhlacht lena mbaineann *mír (d)*, *(e)* nó *(h)* agus a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim den sórt sin ina leith nó a bhféadfar scéim den sórt sin a dhéanamh ina leith,

agus léifear tagairt do "seirbhís phoiblí" dá réir sin;

tá le "oifig cháilitheach" an bhrí chéanna atá leis in alt 13 (a cuireadh isteach leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú), 1977) den Acht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte, 1938, eadhon—

(*a*) oifig aireachta de réir bhrí an ailt sin (arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1973), nó

(*b*) oifig rúnaíochta de réir bhrí an ailt sin (arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú), 1983 agus leis an Acht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2001),

agus léifear tagairt do "sealbhóir oifige cáilithí" dá réir sin;

léifear "méideanna is inchurtha", i ndáil le gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire agus gan dochar *d'alt 18*, de réir *alt 19*, *20*, *21*, *22*, *23*, *24*, *25* nó *26*, de réir mar is cuí sna himthosca;

ciallaíonn "lia-chleachtóir cláraithe"—

(*a*) aon duine a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta de thuras na huaire i gclár na lia-chleachtóirí a bunaíodh faoi alt 43 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, nó

(*b*) i gcás duine ar lasmuigh den Stát atá gnáthchónaí air nó uirthi, duine atá i dteideal míochaine a chleachtadh faoi dhlí na háite ina gcleachtann an duine amhlaidh;

"ciallaíonn "údarás iomchuí" an tAire, nó—

(*a*) cibé Aire eile den Rialtas nó cibé comhlacht seirbhíse poiblí a fhorordóidh an tAire faoi *alt 8(1)(b)* i ndáil leis an tseirbhís phoiblí go léir nó le haon chuid di, nó

(*b*) aon chomhlacht corpraithe a fhorordóidh an tAire faoi *alt 8(1)(b)* i ndáil leis an tseirbhís phoiblí go léir nó le haon chuid di;

ciallaíonn "Aire iomchuí", i ndáil le scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, an tAire nó na hAirí den Rialtas atá freagrach as scéim den sórt sin a dhéanamh nó a cheadú, nó as toiliú le scéim den sórt sin;

ciallaíonn "dul ar scor", seachas dul ar scor faoi *alt 20*, *27* nó *29*, scor de phost inphinsin a shealbhú i gcomhlacht seirbhíse poiblí, ar ghnáthaois pinsin a shlánú nó, maidir le duine atá ag fáil sochair scoir faoi *alt 26* nó atá incháilithe chun iad a fháil, ar an duine sin an aois nó an uasteorainn seirbhíse (cibé slí ar a mbeidh sé sainráite), nó iad araon, a shlánú ag a bhféadfadh sé nó sí dul ar scor nó ag a gceanglaítear é nó í a chur ar scor nó a urscaoileadh;

tá le "Scéim" an bhrí a thugtar in *alt 9*;

tá le "comhalta den Scéim" an bhrí a thugtar in *alt 10*;

ciallaíonn "fochuideachta" fochuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí;

ciallaíonn "na hAchtanna Aoisliúntais"—

(*a*) na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963,

(*b*) Achtanna Aoisliúntas na Múinteoirí, 1928 agus 1990,

(*c*) na hAchtanna Fórsaí Cosanta (Pinsin), 1932 go 2004,

(*d*) Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961,

(*e*) Acht na bPinsean (Méadú), 1964,

(*f*) Acht na bPinsean (Laghdú), 1965,

(*g*) an tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980,

(*h*) an tAcht Aoisliúntas agus Pinsean, 1976, agus

(*i*) an tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004;

tá le "pinsean marthanóra" an bhrí a thugtar in *alt 33*;

ciallaíonn "tréimhse dhílseacháin" seirbhís 24 mhí mar chomhalta den Scéim.

(2) Déanfar tagairt san Acht seo, cibé slí ar a mbeidh sí sainráite, d'uchtálacha coigríche atá aitheanta ag an Stát a léamh mar thagairt—

(*a*) d'uchtálacha idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus atá aitheanta faoin Acht Uchtála, 2010, agus

(*b*) aon uchtálacha eile atá aitheanta ag an Stát ach nach uchtálacha idir tíortha arna n-aithint amhlaidh iad,

agus léifear alt 156(2) den Acht Uchtála, 2010 dá réir sin le linn é a chur chun feidhme maidir leis an Acht seo.

(3) Chun críocha an Achta seo tá le "comhchónaitheoir" an bhrí a shanntar i bhfo-alt (1) d'alt 172 den Acht um Páirtnéireacht

Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 agus, le linn a chinneadh an comhchónaitheoirí iad aon 2 duine, tabharfar aird ar na himthosca a gcaithfidh cúirt aird a thabhairt orthu faoi fho-alt (2) den alt sin.

Feidhm (*Cuid 2*).

**6**.—(1) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le Banc Ceannais na hÉireann ach amháin—

(*a*) a mhéid dá bhforáiltear i dtoiliú arna thabhairt i scríbhinn ag Gobharnóir an Bhainc sin don Aire, agus

(*b*) leis an toiliú, arna thabhairt i scríbhinn ag an Aire Airgeadais don Aire, go gcuirfear an Chuid seo chun feidhme a mhéid dá bhforáiltear sa toiliú arna thabhairt faoi *mhír (a)*.

(2) Níl feidhm ag Caibidil 2 maidir le scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

Srian le feidhm achtachán áirithe, etc.

**7**.—(1) Seachas de réir *alt 15*, ní bheidh feidhm ag aon fhoráil de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana ná ní chuirfear chun feidhme í maidir le seirbhís de chuid seirbhísigh phoiblí lena mbaineann an Scéim agus, dá réir sin, déanfar—

(*a*) na hAchtanna Aoisliúntais,

(*b*) maidir le seirbhís i mBanc Ceannais na hÉireann agus faoi réir *alt 6(1)*, na hachtacháin a bhaineann le pinsin agus sochair eile chun na críche céanna leis na hAchtanna Aoisliúntais agus a bhfuil an éifeacht chéanna leo atá leis na hAchtanna sin, agus

(*c*) aon achtachán nó beart riaracháin eile chun na críche céanna leis na hAchtanna Aoisliúntais agus a bhfuil an éifeacht chéanna leis atá leo, agus a bhfuil feidhm ghinearálta nó feidhm theoranta aige,

a léamh faoi réir an fho-ailt seo.

(2) Ní léifear aon ní i *bhfo-alt (1)* mar ní a theorannaíonn nó a shrianann comhlíonadh aon fheidhm (lena n-áirítear scéim nó socrú aoisliúntais a dhéanamh nó a leasú) i leith seirbhís ag comhaltaí de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

Rialacháin (*Cuid 2*).

**8**.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh—

(*a*) chun aon chríche a ndéantar foráil maidir le rialacháin i ndáil léi sa Chuid seo,

(*b*) lena bhforordófar go mbeidh—

(i) aon Aire eile den Rialtas nó comhlacht seirbhíse poiblí, nó

(ii) aon chomhlacht corpraithe,

ina údarás iomchuí nó ina húdarás iomchuí chun críocha an Achta seo i ndáil leis an tseirbhís phoiblí go léir nó le haon chuid di,

(*c*) lena bhforordófar post i gcomhlacht seirbhíse poiblí d'fhonn é a bheith ina oifig ainmnithe i leith sealbhóir oifige ainmnithe,

(*d*) lena ndéanfar foráil maidir le haon ní nó rud dá dtagraítear sa Chuid seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú,

(*e*) lena ndéanfar foráil maidir le hachomhairc ag comhalta den Scéim nó ag iarchomhalta den Scéim, nó ag aon duine eile ar tairbhí é nó í, nó a éilíonn gur tairbhí é nó í, faoin Scéim, ar comhalta nó iarchomhalta nó duine é nó í arb éagóir leis nó léi—

(i) an t-údarás iomchuí lena mbaineann do mhainneachtain nó do dhiúltú cuid d'aon sochar nó aon sochar uile faoin Scéim a íoc leis nó léi, is sochar a líomhnaíonn sé nó sí go bhfuil teideal aige nó aici chuige,

(ii) méid aon sochair a íoctar nó is iníoctha leis nó léi, nó

(iii) aon ghníomh nó neamhghníomh ag údarás iomchuí a líomhnaítear ina leith go ndéanann sé difear d'aon sochar lena mbaineann *fomhír (i)* nó *(ii)* nó go bhféadfadh go ndéanfadh sé difear d'aon teideal chuig sochar den sórt sin ar dháta sa todhchaí,

agus

(*f*) i gcoitinne chun críocha na Coda seo nó chun a chumasú lánéifeacht a bheith le haon fhoráil den Chuid seo.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin bhfo-alt sin maidir le haon ní díobh seo a leanas:

(*a*) athbhreithniú ar an Scéim;

(*b*) nithe atá forlíontach i dtaca le hachomhairc lena n-áirítear—

(i) an modh ar a ndéanfar agus an fhoirm ina ndéanfar fógraí agus fógraíochtaí atá iomchuí maidir le hachomharc,

(ii) sonraí a bheidh le soláthar ag achomharcóir,

(iii) an duine nó an aicme daoine a dhéanfaidh cinneadh ar achomhairc, nó ar aon aicme achomharc, agus

(iv) teorainneacha ama ar laistigh díobh a bheidh achomhairc le déanamh, faisnéis fhorlíontach nó doiciméid fhorlíontacha le cur isteach nó achomhairc le cinneadh agus imthosca ina bhféadfar na teorainneacha ama sin a fhadú;

(*c*) téarmaí feabhsaithe i gcásanna scoir nó urscaoileadh ar fhorais liachta;

(*d*) téarmaí feabhsaithe i gcás bás le linn seirbhíse;

(*e*) i gcás go bhfuil, nó go raibh sochair á bhfáil ag comhalta den Scéim faoi Chuid 2 (a bhaineann le hárachas sóisialach) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 i leith tréimhsí a bhaineann le ní amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(i) éagumas chun oibre;

(ii) máithreachas;

(iii) sláinte agus sábháilteacht;

(iv) uchtáil;

(v) díobhálacha ceirde;

méideanna áirithe airgid a áireamh mar mhéideanna is inchurtha chun críocha na n-alt faoi shochair a ríomh, ar mhéideanna cuí iad, i dtuairim an Aire, ag féachaint do chuid d'aon easnamh nó d'aon easnamh uile i luach saothair inphinsin an chomhalta le linn na tréimhse a raibh an sochar sin á fháil aige nó aici faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

(*f*) méideanna áirithe airgid a áireamh mar mhéideanna is inchurtha chun críocha na n-alt faoi shochair a ríomh, lena n-áirítear socruithe maidir le haistriú ach gan a bheith teoranta dóibh.

(3) I gcás go gceanglaítear ar an Aire, nó go n-údaraítear dó nó di, le foráil den Chuid seo, rialacháin a dhéanamh—

(*a*) féadfar foráil éagsúil a dhéanamh leis na rialacháin sin le haghaidh imthosca, cásanna, aicmí nó cineálacha éagsúla, agus

(*b*) féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, iarmhartacha, nó forlíontacha a bheith sna rialacháin sin,

is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na Coda seo.

(4) Déanfaidh an tAire gach rialachán arna dhéanamh faoin gCuid seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

## Caibidil 2

## *An Scéim Aonair*

### *Bunú agus Comhaltas na Scéime, etc.*

**9**.—(1) Déantar scéim a bhunú ar a dtabharfar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (dá ngairtear an "Scéim" sa Chuid seo) a bhforáiltear dá téarmaí agus dá coinníollacha leis an gCuid seo nó fúithi. An Scéim agus an comhaltas.

(2) Beidh feidhm ag an Scéim maidir le seirbhísigh phoiblí seachas iad seo a leanas—

(*a*) daoine nach comhaltaí den Scéim de bhua *alt 10*,

(*b*) aon duine nach bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige nó aici,

(*c*) ach amháin maidir le comhalta den Scéim lena mbaineann *alt 20*, *21* nó *24*, aon duine tar éis dó nó di an aois seo a leanas a shlánú:

(i) faoi réir *fho-mhír (ii)*, 70 bliain d'aois;

(ii) i gcás go bhforáiltear le hordú faoi *alt 13* d'aois is sine ná 70 bliain, an aois is sine sin.

Comhalta den Scéim, etc.

**10**.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* go *(5)*, sa Chuid seo ciallaíonn "comhalta den Scéim" duine nach bhfuil ag fónamh i gcomhlacht seirbhíse poiblí mar sheirbhíseach poiblí inphinsin an lá díreach roimh an dáta feidhme ach a thiocfaidh chun bheith ina sheirbhíseach poiblí inphinsin nó ina seirbhíseach poiblí inphinsin ar an dáta sin nó dá éis.

(2) Más rud é—

(*a*) maidir le seirbhíseach poiblí inphinsin an lá díreach roimh an dáta feidhme—

(i) go mbeidh sé nó sí ar iasacht ón tseirbhís phoiblí do chomhlacht nach bhfuil sa tseirbhís phoiblí (cibé acu is laistigh den Stát nó nach ea), nó

(ii) go mbeidh sé nó sí as láthair ar saoire ón tseirbhís phoiblí le pá nó gan phá,

agus

(*b*) go bhfuil an seirbhíseach poiblí inphinsin sin i dteideal atosú ar a oifig nó a hoifig nó ar a phost nó a post nó ar oifig nó post eile laistigh den tseirbhís phoiblí,

ansin ní bheidh an seirbhíseach poiblí inphinsin sin ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim ar an atosú sin laistigh den tseirbhís phoiblí ar an dáta feidhme nó dá éis agus, dá réir sin, beidh feidhm ag na forálacha is infheidhme i leith a sheirbhíse poiblí inphinsin nó a seirbhíse poiblí inphinsin ar an modh céanna ar a mbeadh feidhm ag na forálacha sin maidir le seirbhíseach poiblí inphinsin den sórt sin dá mbeadh sé nó sí ag fónamh sa tseirbhís phoiblí an lá díreach roimh an dáta feidhme.

(3) Más rud é—

(*a*) go bhfaighidh duine go cuí, roimh an dáta feidhme, tairiscint cheapacháin i scríbhinn mar sheirbhíseach poiblí inphinsin agus go nglacfaidh sé nó sí leis an tairiscint sin ar an dáta sin nó dá éis,

(*b*) faoi réir *alt 48*, go raibh duine ag fónamh i gcomhlacht seirbhíse poiblí mar sheirbhíseach poiblí inphinsin roimh an dáta feidhme agus gur fhág sé nó sí an oifig nó an post

iomchuí ach go dtéann sé nó sí i mbun ceapacháin ina dhiaidh sin mar sheirbhíseach poiblí inphinsin—

(i) faoin gconradh fostaíochta céanna a mbíodh sé nó sí ag fónamh faoi amhlaidh, nó

(ii) laistigh de 26 seachtaine tar éis an lae dheireanaigh seirbhíse aige nó aici roimh an dáta sin,

nó

(*c*) go raibh duine arna ghlacadh nó arna glacadh mar Gharda faoi oiliúint i gColáiste an Gharda Síochána díreach roimh an dáta feidhme,

agus más rud é—

(I) murach an fo-alt seo, go mbeadh an duine lena mbaineann ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim, agus

(II) i gcás feidhm a bheith ag *mír (a)*, go ndéanfaí téarmaí na tairisceana ceapacháin a shárú dá mbeadh feidhm ag *fo-alt (1)*,

ansin ní bheidh an duine ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim agus beidh feidhm ag na forálacha is infheidhme i leith a sheirbhíse poiblí inphinsin nó a seirbhíse poiblí inphinsin ar an modh céanna ar a mbeadh feidhm acu maidir leis an duine sin dá mbeadh sé nó sí ag fónamh sa tseirbhís phoiblí an lá díreach roimh an dáta feidhme.

(4) Más rud é, aon tráth roimh an dáta feidhme, gur chomhalta den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa nó gur shealbhóir oifige cáilithí duine, ach nár chomhalta ná nár shealbhóir den sórt sin é nó í ar an dáta feidhme, ansin, faoi réir *alt 48*, ní mheasfar gur comhalta den Scéim an duine sin chun críocha aon sochair aoisliúntais is iníoctha i leith aon chomhaltas den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó i leith aon oifig cháilitheach a shealbhú, dá éis sin.

(5) I gcás go scoirfidh seirbhíseach poiblí inphinsin nach comhalta den Scéim de bheith ag fónamh i gcomhlacht seirbhíse poiblí ar an dáta feidhme nó dá éis, ansin, faoi réir *alt 48*, má théann an duine sin i mbun oifig inphinsin nó post inphinsin sa tseirbhís phoiblí dá éis sin, measfar gur comhalta den Scéim é nó í i leith na seirbhíse sin dá éis sin mura dtéann sé nó sí i mbun ceapacháin—

(*a*) faoin gconradh fostaíochta céanna, nó

(*b*) mar sheirbhíseach poiblí tráth nach déanaí ná 26 seachtaine tar éis an lae dheireanaigh seirbhíse roimh scor dó nó di.

Inphinseaneacht liúntas, díolaíochtaí agus íocaíochtaí gaolmhara.

**11**.—(1) Chun críocha na Coda seo, i gcás gur chinn an tAire nó go gcinnfidh an tAire i scríbhinn aon tráth roimh an dáta feidhme nó dá éis—

(*a*) go bhfuil aon liúntas, díolaíocht nó íocaíocht préimhe nó a choibhéis nó a coibhéis a bheidh deonaithe ar bhonn buan roimh an dáta feidhme do dhaoine i bpoist áirithe nó i gcineálacha áirithe fostaíochta le háireamh mar luach saothair inphinsin buan, nó

(*b*) go bhfuil aon liúntas, díolaíocht nó íocaíocht préimhe nó a choibhéis nó a coibhéis nach mbeidh deonaithe ar bhonn buan roimh an dáta feidhme le háireamh go hiomlán nó go páirteach mar luach saothair inphinsin,

ansin beidh siad le háireamh amhlaidh chun críocha luach saothair inphinsin.

(2) Ní áireofar aon liúntas, díolaíocht nó íocaíocht préimhe, seachas ceann lena mbaineann *fo-alt (1)*, mar luach saothair inphinsin ach amháin más rud é go bhfuil gach ceann de na coinníollacha seo a leanas arna chomhlíonadh, de réir mar a chinnfidh an tAire:

(*a*) gur liúntas, díolaíocht nó íocaíocht préimhe de chineál buan é nó í;

(*b*) go bhfuil sé nó sí faoi réir ranníocaí faoi *Chaibidil 2*;

(*c*) go bhfuil fógra tugtha don chomhalta den Scéim á rá go bhfuil sé nó sí á áireamh nó á háireamh amhlaidh.

(3) I gcás nach inphinsin aon liúntas, díolaíocht nó íocaíocht préimhe, ní bheidh sé nó sí faoi réir ranníocaí faoi *Chaibidil 2*.

(4) Féadfaidh an tAire, i scríbhinn, cinneadh lena mbaineann an t-alt seo a fhreaschur, a leasú, a choigeartú nó a athrú ar shlí eile ach ní dhéanfaidh aon fhreaschur, leasú, coigeartú nó athrú den sórt sin difear do chearta a fabhraíodh i leith ranníocaí arna ndéanamh roimhe sin faoi *Chaibidil 2*.

Na sochair pinsin a bheidh le híoc le comhaltaí den Scéim nó le hiarchomhaltaí den Scéim.

**12**.—Ní íocfar pinsean le duine ar comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim é nó í agus ní bheidh aon teidlíocht ann—

(*a*) chun dul ar scor nó chun pinsean nó cnapshuim a fháil ag aois áirithe nó tar éis fad áirithe seirbhíse, ná

(*b*) chun fanacht i seirbhís tar éis aois áirithe,

seachas faoin gCaibidil seo, maidir le seirbhís, nó i leith seirbhís, lena mbaineann pinsean faoin Scéim.

Gnáthaois scoir.

**13**.—(1) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite leis an gCaibidil seo nó i gcás dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, *(3)* nó *(4)*, féadfaidh comhalta den Scéim dul ar scor de bheith ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí —

(*a*) ar 66 bliana d'aois a shlánú, nó

(*b*) ar an aois a shlánú—

(i) ag a bhfuil duine ó am go ham i dteideal nó incháilithe, nó

(ii) ag a mbeadh duine ó am go ham i dteideal nó incháilithe amhlaidh dá mbeadh na critéir cháilitheacha nach mbaineann le haois comhlíonta aige nó aici,

chun Pinsean Stáit ranníocach a fháil,

cibé acu is déanaí a tharlóidh (dá ngairtear an "gnáthaois scoir" sa Chuid seo).

(2) Aon seirbhíseach poiblí lena mbaineann *fo-alt (1)*, seachas duine i leith aon seirbhís mar sheirbhíseach poiblí lena mbaineann *alt 20*, *21*, *24* nó *26*, rachaidh sé nó sí ar scor de bheith ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí ar a dhéanaí ar 70 bliain d'aois a shlánú, nó ar cibé aois is sine ná sin a shlánú a chinnfidh an tAire le hordú.

(3) Más rud é go raibh cumhacht reachtúil ann roimh thosach feidhme na Coda seo, ab infheidhmithe ag Aire den Rialtas nó ag comhlacht eile, chun foráil a dhéanamh maidir le haois nó uasteorainn seirbhíse, nó le haois agus uasteorainn seirbhíse (cibé slí ar a mbeidh sí sainráite), ag a bhféadfadh aon aicme nó aicmí seirbhíseach poiblí dul ar scor nó ag a gceanglaítear uirthi nó orthu dul ar scor nó ag a gceanglaítear iad a chur ar scor nó a urscaoileadh, agus a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ón aois scoir ghinearálta is infheidhme maidir le seirbhísigh phoiblí nach nua-iontrálaithe chun críocha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004, ansin ní ceadmhach don Aire sin den Rialtas (murab é an tAire é nó murab í an tAire í) ná an comhlacht eile sin an chumhacht sin a fheidhmiú ach amháin tar éis dul i gcomhairle leis an Aire.

(4) I gcás comhalta den Scéim is fostaí, seachas duine a shealbhaíonn post lánaimseartha, d'údarás áitiúil ar údarás dóiteáin é faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus—

(*a*) ar dualgas dá chuid nó dá cuid freastal ag dóiteáin, agus

(*b*) a gceanglaítear air nó uirthi lena choinníollacha seirbhíse nó lena coinníollacha seirbhíse dul ar scor ar 55 bliana d'aois nó, faoi réir scrúdú liachta nó scrúduithe liachta, ar 58 mbliana d'aois a shlánú,

déanfar an ghnáthaois scoir don duine sin a chinneadh de réir na gcoinníollacha sin.

Gnáthaois pinsin.

**14**.—(1) Tá gnáthaois pinsin slánaithe ag comhalta den Scéim nó ag iarchomhalta den Scéim—

(*a*) nuair a bheidh an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici, agus

(*b*) nuair a bheidh an ghnáthaois scoir slánaithe aige nó aici,

agus beidh sé nó sí incháilithe dá réir sin chun sochair scoir a fháil faoin gCaibidil seo.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine—

(*a*) i leith aon seirbhís mar sheirbhíseach poiblí lena mbaineann *alt 20*,

(*b*) i leith aon seirbhís mar sheirbhíseach poiblí lena mbaineann *alt 26(1)*, ach amháin má fhágann an seirbhíseach poiblí sin an comhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann, nó má dhéantar é nó í a chur ar scor, a urscaoileadh nó a dhífhostú, roimh an aois inphinsin, arna forléiriú agus arna léamh de réir alt 1(1)(*a*) den

*Superannuation (Prison Officers) Act*, 1919 (a cuireadh isteach le halt 5 den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) nó alt 10 den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004, de réir mar a bheidh, a shlánú, nó

(*c*) a rachaidh ar scor faoi théarmaí *alt 27* nó *29*.

Feidhm forálacha áirithe in Achtanna a bhaineann le scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

**15**.—(1) Más rud é, maidir le haon fhoráil reachtúil a bhaineann go díreach le scéim nó le scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana agus ar foráil í atá ann chun críocha an chéanna amháin, go ndéantar foráil léi maidir le haon ní nach bhforáiltear dó leis an Scéim agus nach bhfuil an ní sin ar neamhréir leis an Scéim, ansin féadfaidh an tAire le rialacháin an fhoráil sin, fara modhnú nó gan mhodhnú, a chur chun feidhme maidir leis an Scéim, chun déileáil le nithe nó imthosca comhréire.

(2) Le linn rialacháin a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag na forálacha lena mbaineann ach le haicme nó le haicmí de chomhaltaí den Scéim, ach ní dhéanfar sin ach amháin mura bhfuil sé ar neamhréir leis an Scéim déanamh amhlaidh.

(3) Déanfar dréacht d'aon rialacháin a bheartaíonn an tAire a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go ndéanfaidh gach Teach acu sin rún a rith ag ceadú an dréachta.

*Ranníocaí ag comhaltaí den Scéim, etc.*

Ranníocaí leis an Scéim, etc.

**16**.—(1) Íocfaidh gach comhalta den Scéim an ranníoc cuí dá bhforáiltear leis an gCuid seo nó fúithi amhail ar agus ó dháta tosaithe a chomhaltais nó a comhaltais den Scéim.

(2) Is éard a bheidh sa ráta ranníoca i leith comhaltaí den Scéim lena mbaineann *alt 19* 3.5 faoin gcéad den ghlanluach saothair inphinsin mar aon le 3 faoin gcéad den luach saothair inphinsin—

(*a*) a bheidh le ríomh ar bhonn gach bliain féilire, nó gach cuid den bhliain sin, inar comhalta nó inar chomhalta den Scéim an duine lena mbaineann, agus

(*b*) más rud é i leith aon tréimhse den sórt sin dá dtagraítear i *mír (a)* nach raibh an duine sin ag obair ar bhonn lánaimseartha lena linn, arna choigeartú faoi threoir na comhréire atá idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair.

(3) Is é an ráta ranníoca do chomhalta den Scéim lena mbaineann alt dá dtagraítear i *gcolún 1* den Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo an ráta ranníoca (más ann) i *gcolún 2* den Tábla sin arna shloinneadh mar chéatadán den ghlanluach saothair inphinsin os coinne na tagartha don alt sin, mar aon leis an ráta ranníoca i *gcolún 3* den Tábla sin arna shloinneadh mar chéatadán den luach saothair inphinsin os coinne na tagartha don alt sin—

(*a*) a bheidh le ríomh ar bhonn gach bliain féilire, nó gach cuid den bhliain sin, inar comhalta nó inar chomhalta den Scéim an duine lena mbaineann, agus

(*b*) más rud é i leith aon tréimhse den sórt sin dá dtagraítear i *mír (a)* nach raibh an duine sin ag obair ar bhonn lánaimseartha lena linn, arna choigeartú faoi threoir na comhréire atá idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair.

AN TÁBLA:

Na rátaí ranníoca

| (1) | An ráta ranníoca: arna shloinneadh mar chéatadán den ghlanluach saothair inphinsin (2) | An ráta ranníoca: arna shloinneadh mar chéatadán den luach saothair inphinsin (3) |
|---|---|---|
| Daoine dá dtagraíonn *alt 19* | 3.5% | 3% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 20* | - | 13% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 21* | - | 13% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 22* | - | 13% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 23* agus atá i seilbh oifige ar bhonn atá árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh | 7% | 6% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 23* agus atá i seilbh oifige ar bhonn nach bhfuil árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh | - | 13% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 24* | - | 13% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 25* agus atá i seilbh oifige ar bhonn nach bhfuil árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh | - | 10% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 25* agus atá i seilbh oifige ar bhonn atá árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh | 5.7% | 4.3% |
| Daoine dá dtagraíonn *alt 26* | 4.2% | 3.3% |

(4) I gcás go mbeidh comhlacht seirbhíse poiblí á mhaoiniú go hiomlán nó go príomha as foinsí seachas go díreach nó go neamhdhíreach as an bPríomh-Chiste nó toradh fáis an Chiste sin, féadfaidh an tAire a cheangal ar an gcomhlacht seirbhíse poiblí, nó ar an údarás iomchuí lena mbaineann i gcás nach é an comhlacht sin an t-údarás iomchuí, ranníoc a dhéanamh leis an Scéim is ranníoc ina mbeidh cibé céatadán de luach saothair inphinsin gach comhalta lena mbaineann den scéim—

(*a*) faoi réir *mhír (b)*, arb ionannas dó, i dtuairim an Aire, an costas arna chinneadh go hachtúireach a bhaineann le soláthar a dhéanamh do na sochair lena mbaineann tar éis ranníocaí na gcomhaltaí aonair den Scéim a chur i gcuntas, agus

(*b*) nach mó, d'iolraí ar 3, ná ranníocaí an chomhalta aonair den Scéim.

(5) Faoi réir *fho-alt (9)*, maidir leis na ranníocaí go léir a dhéanfar faoin alt seo—

(*a*) íocfar iad le húdarás iomchuí ar cibé modh a ordóidh an tAire, agus

(*b*) baileoidh agus diúscróidh údarás iomchuí iad chun tairbhe don Státchiste,

ar cibé modh a ordóidh an tAire.

(6) I gcás nach mbeidh na ranníocaí arna ndéanamh faoin alt seo diúscartha go cuí ag an gcomhalta den Scéim nó ag an údarás iomchuí lena mbaineann de réir ordachán ón Aire faoi *fho-alt (5)*, féadfaidh an tAire an méid a ghnóthú ón gcomhalta sin nó ón údarás sin mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(7) Má mhainníonn nó má dhiúltaíonn údarás iomchuí lena mbaineann *fo-alt (5)* ranníocaí a bhailiú nó a dhiúscairt de réir ordachán ón Aire faoi *fho-alt (5)*, laistigh de 28 lá tar éis don Aire fógra a sheirbheáil leis an bpost ar an údarás iomchuí lena mbaineann á cheangal air déanamh amhlaidh, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas chuici ón Aire—

(*a*) ordú a dhéanamh á ordú don údarás na ranníocaí a dhiúscairt chun tairbhe don Státchiste—

(i) de réir an ordacháin ón Aire, nó

(ii) mar a ordóidh an Chúirt thairis sin,

laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san ordú, agus

(*b*) i ndáil le haon easnamh sna méideanna a bhailítear mar gheall ar aon diúltú nó mainneachtain ag an údarás na ranníocaí lena mbaineann a bhailiú, ordú a dhéanamh á ordú don údarás an t-easnamh sin a shlánú ar cibé modh agus cibé tráth nó tráthanna a ordóidh an Chúirt.

(8) Féadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha (más ann) is cuí leis an gCúirt, maidir le costais a íoc, a bheith in ordú ón Ard-Chúirt faoi *fho-alt (7)*.

(9) I gcás go mbeidh an Chuid seo curtha chun feidhme maidir le Banc Ceannais na hÉireann de réir *alt 6*, ansin—

(*a*) déileálfar le ranníocaí arna ndéanamh faoin alt seo i leith comhaltaí den Scéim atá fostaithe ag Banc Ceannais na hÉireann, nó a shealbhaíonn aon oifig nó aon phost eile ann, ar cibé modh a chinnteoidh nach gcuirfear na ranníocaí sin ar fáil ach amháin chun aon phinsean nó cnapshuim a íoc leis na comhaltaí sin den Scéim nó i leith seirbhís ag na comhaltaí sin den Scéim le Banc Ceannais na hÉireann, agus

(*b*) ní bheidh Banc Ceannais na hÉireann faoi dhliteanas maidir le haon phinsean nó cnapshuim i leith aon fhostaíocht ag comhlacht seirbhíse poiblí seachas Banc Ceannais na hÉireann, nó maidir le sealbhú aon oifige nó aon phoist eile i gcomhlacht den sórt sin.

Ranníocaí a thabhairt ar ais i gcásanna áirithe.

**17**.—(1) I gcás go mbeidh tréimhse is lú ná an tréimhse dhílseacháin curtha isteach ag comhalta den Scéim nó ag iarchomhalta den Scéim agus go scoirfidh a chomhaltas nó a

comhaltas ar shlí seachas ar fhorais liachta nó ar bhás, tabharfar ar ais dó nó di a ranníocaí lúide méid atá ar cóimhéid le haon cháin ioncaim nó aon dliteanas reachtúil eile ag an údarás iomchuí i leith na ranníocaí sin agus, dá réir sin, ní bheidh an comhalta den Scéim ná an t-iarchomhalta den Scéim i dteideal aon sochar eile a fháil faoin gCaibidil seo i leith thréimhse an chomhaltais sin, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*.

(2) Más rud é, faoi *alt 46*, go mbeidh luach saothair inphinsin ag comhalta den Scéim de bhreis ar aon fhostaíocht lánaimseartha amháin (nó coibhéis chomhiomlánaithe fostaíochta lánaimseartha amháin) tabharfar ar ais don chomhalta a ranníocaí i leith aon luach saothair inphinsin nach gcuirfear i gcuntas le linn méideanna is inchurtha a ríomh dá bhforáiltear sna hailt faoi shochair a ríomh, lúide méid atá ar cóimhéid le haon cháin ioncaim nó dliteanas reachtúil eile ag an údarás iomchuí i leith na ranníocaí sin.

(3) Más rud é, maidir le duine—

(*a*) gur tugadh ranníocaí ar ais dó nó di faoi *fho-alt (1)*,

(*b*) go ndéantar dá éis sin é nó í a athfhostú mar sheirbhíseach poiblí inphinsin laistigh de 24 mhí ón tráth a scoir sé nó sí de bheith ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí, agus

(*c*) go n-íocann sé nó sí leis an údarás iomchuí lena mbaineann cibé méid arbh ionannas dó, ar dháta na híocaíochta nó ar dháta na híocaíochta deiridh i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (4)*, méid na ranníocaí a íocadh leis nó léi mar aon le hús iolraithe ar an méid sin de réir cibé ráta in aghaidh na bliana a shonróidh an t-údarás iomchuí le ceadú an Aire,

ansin measfar nár scoir sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim agus tabharfar ar ais dó nó di suim na méideanna is inchurtha a bhí carntha aige nó aici an dáta a scoir sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim.

(4) Chun críocha *fho-alt (3)*, féadfaidh an t-údarás iomchuí lena mbaineann, dá rogha féin, comhaontú glacadh le híoc an mhéid lena mbaineann trí níos mó ná aon íocaíocht amháin.

*Sochair a ríomh agus imthosca i dtaca le híocaíochtaí faoin Scéim*

**18**.—Sa Chuid seo, léifear an míniú ar "méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire" in *alt 19*, *20*, *21*, *22*, *23*, *24*, *25* nó *26* mar ní a fholaíonn— Méideanna is inchurtha.

(*a*) cibé airgead arb ionannas dó luach aistrithe méideanna áirithe i leith seirbhís a aistrítear ón gCoimisiún Eorpach, ón gComhairle Eorpach, ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa nó ó Eurocontrol, agus glacfar leis an airgead sin ar théarmaí a cheadóidh an tAire, nó

(*b*) aon airgead eile arb ionannas dó luach aistrithe méideanna áirithe ar féidir glacadh leo ar théarmaí a cheadóidh an tAire.

Sochair scoir a ríomh.

**19**.—(1) I gcás gur comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim duine, seachas duine lena mbaineann *alt 20*, *21*, *22*, *23*, *24*, *25*, *26*, *27* nó *29*, agus go bhfuil an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici agus an ghnáthaois pinsin slánaithe aige nó aici, ansin, faoi réir *alt 52*, agus ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, beidh sé nó sí, ar dhul ar scor dó nó di, incháilithe chun an méid seo a leanas a fháil—

(*a*) pinsean bliantúil atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire don phinsean, agus

(*b*) íocaíocht cnapshuime atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire don chnapshuim.

(2) San alt seo, ciallaíonn "méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire", i ndáil le bliain féilire seirbhíse nó cuid de bhliain féilire seirbhíse—

(*a*) i gcás pinsin, méid arna ríomh de réir ráta—

(i) 0.58 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain seirbhíse sin nó don chuid sin de bhliain seirbhíse atá níos lú ná 3.74 oiread luach an Phinsin Stáit ranníocaigh an tráth sin, nó ar cóimhéid leis, agus, i leith na seirbhíse sin, arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha faoi threoir na comhréire atá idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair, agus

(ii) 1.25 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain seirbhíse sin nó don chuid sin de bhliain seirbhíse atá níos mó ná 3.74 oiread luach an Phinsin Stáit ranníocaigh an tráth sin agus, i leith na seirbhíse sin, arna choigeartú nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha faoi threoir na comhréire atá idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair,

agus

(*b*) i gcás íocaíocht cnapshuime, méid arna ríomh de réir ráta 3.75 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain seirbhíse sin nó don chuid sin de bhliain seirbhíse, arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha, faoi threoir na comhréire atá idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair,

agus arna choigeartú dá éis sin, go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin agus na cnapshuime de réir na Coda seo, faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*.

Sochair scoir a ríomh — An tUachtarán.

**20**.—(1) Gach duine a scoirfidh, tar éis dó nó di oifig Uachtarán na hÉireann a shealbhú, den oifig sin a shealbhú ar aon chúis seachas bás a fháil, beidh sé nó sí, faoi réir *alt 52*, agus ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, incháilithe chun pinsean a fháil de réir an ailt seo.

(2) Ní bheidh feidhm ag aon tréimhse dhílseacháin i gcás lena mbaineann an t-alt seo.

(3) Is éard a bheidh sa ráta pinsin faoin alt seo, aon tráth, coibhéis méid bhliantúlaithe atá ar cóimhéid leis an méid is lú díobh seo a leanas—

(*a*) leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar don duine a shealbhaíonn oifig an Uachtaráin, nó

(*b*) suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire atá fabhraithe chun an chomhalta den Scéim nó chun an iarchomhalta den Scéim.

(4) I *bhfo-alt (3)*, ciallaíonn "méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire", i ndáil le bliain féilire seirbhíse nó cuid de bhliain féilire seirbhíse, méid arna ríomh de réir ráta 7.14 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim mar Uachtarán go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin de réir na Coda seo faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*.

Sochair scoir a ríomh — sealbhóirí oifige cáilithí.

**21**.—(1) Aon duine a bhfuil an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici agus a bhí ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig cháilitheach, agus a bhfuil an ghnáthaois pinsin slánaithe aige nó aici, beidh sé nó sí, faoi réir *alt 52*, agus ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, incháilithe chun pinsean a fháil mar a fhoráiltear leis an alt seo—

(*a*) mura bhfuil sé nó sí i seilbh oifige cáilithí a thuilleadh, nó

(*b*) má scoireann sé nó sí, ar shlí seachas trí bhás a fháil, d'oifig a shealbhú—

(i) mar shealbhóir oifige cáilithí seachas an tArd-Aighne, nó

(ii) mar an tArd-Aighne trí éirí as, trína cheapachán nó a ceapachán a bheith foirceannta nó trí scor de dhualgais a chomhall de bhun Airteagal 30.5.4° den Bhunreacht.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, beidh duine lena mbaineann *fo-alt (1)* incháilithe chun pinsean bliantúil a fháil atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire in oifig cháilitheach—

(*a*) faoi réir uasmhéid arb éard é leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar i leith na hoifige cáilithí is déanaí a shealbhaigh an duine sin, nó

(*b*) i gcás gur shealbhaigh an duine aon oifig cháilitheach eile roimh an oifig cháilitheach is déanaí a sealbhaíodh, ar feadh tréimhse nár lú í sa chomhiomlán ná an tréimhse

dhílseacháin, agus gurbh airde an luach saothair inphinsin i leith na hoifige eile sin ná an luach saothair inphinsin i leith na hoifige is déanaí a sealbhaíodh, faoi réir uasmhéid arb éard é leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar i leith na hoifige sin is airde luach saothair.

(3) Más rud é, díreach sula dtiocfaidh duine chun bheith incháilithe le haghaidh pinsean faoin alt seo, gurb é nó í, nó gurbh é nó í roimhe sin, an tArd-Aighne, ach gur comhalta, nó gur chomhalta, é nó í de cheachtar Teach den Oireachtas an tráth céanna a bhí sé nó sí ina Ard-Aighne nó ina hArd-Aighne, ansin féadfaidh an duine a roghnú go ndéanfar suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire mar chomhalta den sórt sin le linn dó nó di bheith ina Ard-Aighne nó ina hArd-Aighne, a áireamh ina ionad sin mar chuid de na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire mar Ard-Aighne.

(4) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh pinsean bliantúil comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim faoin alt seo ar cóimhéid le suim na méideanna is inchurtha ar dhul ar scor dó nó di, arna gcinneadh faoin alt seo.

(5) Ní bheidh sochair pinsin faoin alt seo iníoctha le duine le linn don duine sin a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint nó hEorpa nó ina Ard-Aighne nó ina hArd-Aighne nó le linn dó nó di oifig an Uachtaráin a shealbhú nó bheith ina shealbhóir oifige ainmnithe nó ina sealbhóir oifige ainmnithe.

(6) Faoi réir *fho-alt (3)*, ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear thairis sin don phinsean a thuilltear mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar sheirbhíseach poiblí.

(7) I *bhfo-ailt (2)* agus *(3)*, ciallaíonn "méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó gach cuid de bhliain féilire", i ndáil le bliain féilire seirbhíse nó cuid de bhliain féilire seirbhíse, méid arna ríomh de réir ráta 5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim mar shealbhóir oifige cáilithí go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin de réir na Coda seo faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*.

Sochair scoir a ríomh — sealbhóirí oifigí breithiúnacha.

**22**.—(1) Aon duine a bhfuil an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici agus a bhí ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig bhreithiúnach, faoi réir *alt 52*, beidh sé nó sí incháilithe chun pinsean agus cnapshuim a fháil de réir mar a fhoráiltear leis an alt seo, más rud é—

(*a*) go bhfuil an ghnáthaois pinsin slánaithe aige nó aici agus go bhfuil sé nó sí scortha de bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig bhreithiúnach roimh an aois scoir a fhorordaítear le dlí do shealbhóir den sórt sin a shlánú, nó

(*b*) go bhfuil an aois scoir arna forordú amhlaidh do shealbhóir den sórt sin slánaithe aige nó aici.

(2) Aon duine ar comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim é nó í agus a mbaineann *fo-alt (1)* leis nó léi, ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, beidh sé nó sí incháilithe chun na nithe seo a leanas a fháil ar dhul ar scor dó nó di—

(*a*) pinsean bliantúil atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar shealbhóir oifige breithiúnaí, faoi réir uasmhéid atá coibhéiseach le leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar don duine lena mbaineann an tráth a scoir sé nó sí de bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig bhreithiúnach, agus

(*b*) íocaíocht cnapshuime atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar shealbhóir oifige breithiúnaí, faoi réir uasmhéid atá ar cóimhéid le leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar don duine lena mbaineann an tráth a scoir sé nó sí de bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig bhreithiúnach.

(3) San alt seo, ciallaíonn "méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire" i ndáil le bliain féilire seirbhíse nó cuid de bhliain féilire seirbhíse—

(*a*) i gcás pinsean bliantúil, méid arna ríomh de réir ráta 2.5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir oifige breithiúnaí, agus

(*b*) i gcás íocaíocht cnapshuime, méid arna ríomh de réir ráta 7.5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir oifige breithiúnaí,

arna choigeartú dá éis sin, go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin agus na cnapshuime de réir na Coda seo, faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*.

Sochair scoir a ríomh — an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**23**.—(1) Aon duine a bhfuil an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici agus a bhí ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, beidh sé nó sí, faoi réir *alt 52*, incháilithe chun pinsean agus cnapshuim a fháil de réir mar a fhoráiltear leis an alt seo, más rud é—

(*a*) go bhfuil an ghnáthaois pinsin slánaithe aige nó aici agus go bhfuil sé nó sí scortha de bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar an oifig sin roimh an aois scoir a fhorordaítear le dlí do shealbhóir den sórt sin a shlánú, nó

(*b*) go bhfuil an aois scoir arna forordú amhlaidh do shealbhóir den sórt sin slánaithe aige nó aici.

(2) Aon duine ar comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim é nó í agus a mbaineann *fo-alt (1)* leis nó léi, beidh sé nó sí, ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, incháilithe, ar dhul ar scor dó nó di, chun na nithe seo a leanas a fháil—

(*a*) pinsean bliantúil atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar shealbhóir ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, faoi réir uasmhéid atá ar cóimhéid le leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar don duine lena

mbaineann an tráth a scoir sé nó sí de bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar an oifig sin, agus

(*b*) íocaíocht cnapshuime atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar shealbhóir ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, faoi réir uasmhéid atá ar cóimhéid le leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar don duine lena mbaineann an tráth a scoir sé nó sí de bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar an oifig sin.

(3) San alt seo, maidir le “méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire”, i ndáil le bliain féilire seirbhíse nó cuid de bhliain féilire seirbhíse,

(*a*) i gcás go bhfuil oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste á sealbhú ar bhonn nach bhfuil árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh, ciallaíonn sé—

(i) i gcás pinsean bliantúil, méid arna ríomh de réir ráta 2.5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus

(ii) i gcás íocaíocht cnapshuime, méid arna ríomh de réir ráta 7.5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

arna choigeartú dá éis sin, go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin agus na cnapshuime de réir na Coda seo, faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*,

(*b*) i gcás go bhfuil oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste á sealbhú ar bhonn atá árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh, ciallaíonn sé—

(i) i gcás pinsean bliantúil, méid arna ríomh de réir ráta—

(I) 0.58 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá níos lú ná 3.74 oiread luach an Phinsin Stáit ranníocaigh an tráth sin, nó ar cóimhéid leis, agus

(II) 2.5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá níos mó ná 3.74 oiread luach an Phinsin Stáit ranníocaigh an tráth sin,

agus

(ii) i gcás íocaíocht cnapshuime, méid arna ríomh de réir ráta 7.5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an

chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

arna choigeartú dá éis sin, go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin agus na cnapshuime de réir na Coda seo, faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*.

Sochair scoir a ríomh — comhaltaí de cheachtar Teach den Oireachtas.

**24**.—(1) Aon duine a bhfuil an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici agus a bhí ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, beidh sé nó sí, faoi réir *alt 52*, incháilithe chun pinsean agus cnapshuim a fháil de réir mar a fhoráiltear leis an alt seo, más rud é—

(*a*) go mbeidh an ghnáthaois pinsin slánaithe aige nó aici agus nach comhalta de cheachtar Teach acu sin a thuilleadh é nó í, nó

(*b*) go scoirfidh sé nó sí, tar éis dó nó di an ghnáthaois pinsin a shlánú, ar shlí seachas trí bhás a fháil, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin,

agus mura mbeidh sé nó sí ag fónamh mar Uachtarán nó mar chomhalta de Pharlaimint na hEorpa nó mura mbeidh post inphinsin seirbhíse poiblí á shealbhú aige nó aici ar scór an Rialtas nó comhalta den Rialtas an duine a cheapadh nó a ainmniú.

(2) Aon duine ar comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim é nó í agus a mbaineann *fo-alt (1)* leis nó léi, beidh sé nó sí, ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, incháilithe chun na nithe seo a leanas a fháil—

(*a*) pinsean bliantúil atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, faoi réir uasmhéid atá ar cóimhéid le leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar don duine lena mbaineann mar chomhalta de cheachtar Teach acu sin, agus

(*b*) íocaíocht cnapshuime atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, faoi réir uasmhéid atá ar cóimhéid le leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar don duine lena mbaineann mar chomhalta de cheachtar Teach acu sin.

(3) San alt seo, ciallaíonn “méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire”, i ndáil le bliain féilire seirbhíse nó cuid de bhliain féilire seirbhíse—

(*a*) i gcás pinsean bliantúil, méid arna ríomh de réir ráta 2.5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, agus

(*b*) i gcás íocaíocht cnapshuime, méid arna ríomh de réir ráta 7.5 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta

den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas,

arna choigeartú dá éis sin, go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin agus na cnapshuime de réir na Coda seo, faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*.

Sochair scoir a ríomh — sealbhóirí oifige ainmnithe.

**25**.—(1) Aon duine a mbeidh an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici agus a bhí ina shealbhóir oifige ainmnithe nó ina sealbhóir oifige ainmnithe, beidh sé nó sí, faoi réir *alt 52* agus ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, incháilithe chun pinsean agus cnapshuim a fháil de réir mar a fhoráiltear leis an alt seo más rud é—

(*a*) go bhfuil an ghnáthaois pinsin slánaithe aige nó aici agus nach sealbhóir oifige ainmnithe é nó í a thuilleadh, nó

(*b*) go scoirfidh sé nó sí, tar éis dó nó di an ghnáthaois pinsin a shlánú, ar shlí seachas trí bhás a fháil, de bheith ina shealbhóir oifige ainmnithe nó ina sealbhóir oifige ainmnithe.

(2) Aon duine ar comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim é nó í agus a mbaineann *fo-alt (1)* leis nó léi, beidh sé nó sí incháilithe chun na nithe seo a leanas a fháil—

(*a*) pinsean bliantúil atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar shealbhóir oifige ainmnithe, faoi réir uasmhéid arb éard é leath an ráta bhliantúlaithe a bhain an tráth sin leis an luach saothair inphinsin arna sholáthar don duine lena mbaineann tráth a dhul nó a dul scor, agus

(*b*) íocaíocht cnapshuime atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire ach—

(i) i gcás sealbhóir oifige ainmnithe arb é an post is déanaí a shealbhaigh sé nó sí ceann de na hoifigí ainmnithe atá leagtha amach i *míreanna (e)*, *(f)*, *(g)* nó *(h)* den mhíniú ar "sealbhóir oifige ainmnithe" i *bhfo-alt (3)*, faoi réir uasmhéid atá ar cóimhéid le trí cheathrú de ráta bliantúlaithe an luach saothair inphinsin an tráth sin arna sholáthar don sealbhóir oifige ainmnithe tráth a dhul nó a dul scor, agus

(ii) i gcás aon sealbhóir oifige ainmnithe eile, faoi réir uasmhéid atá ar cóimhéid le leath an ráta bhliantúlaithe a bhain leis an luach saothair inphinsin an tráth sin arna sholáthar don duine lena mbaineann tráth a dhul nó a dul scor.

(3) San alt seo—

ciallaíonn "sealbhóir oifige ainmnithe" gach duine díobh seo a leanas:

(*a*) an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí;

(*b*) an tOmbudsman;

(*c*) Máistir na hArd-Chúirte;

(*d*) cláraitheoir contae, is duine a bheidh ceaptha amhlaidh faoi alt 35 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926;

(*e*) comhalta den Chúirt Oibreachais;

(*f*) comhalta den Bhord Pleanála;

(*g*) comhalta den Údarás Iomaíochta;

(*h*) stiúrthóir den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil;

(*i*) Coimisinéir Achomhairc Ioncaim;

(*j*) duine a shealbhaíonn aon oifig eile nó aon phost eile i gcomhlacht seirbhíse poiblí atá, i dtuairim an Aire, tar éis dul i gcomhairle le cibé daoine eile (más ann) is cuí leis an Aire sna himthosca, ar aon dul le post lena mbaineann *mír (a), (b), (c), (d), (e), (f), (g), (h)* nó *(i)* agus atá forordaithe ag an Aire chun críocha an mhínithe seo;

maidir le "méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire", i ndáil le bliain féilire seirbhíse nó cuid de bhliain féilire seirbhíse do shealbhóir oifige ainmnithe—

(*a*) a shealbhaíonn oifig ar bhonn nach bhfuil árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh, ciallaíonn sé—

(i) chun pinsean bliantúil a ríomh, méid arna ríomh de réir ráta 1.67 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir oifige ainmnithe arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha, faoi threoir na comhréire atá idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair,

(ii) chun íocaíocht cnapshuime a ríomh, méid arna ríomh—

(I) i gcás sealbhóir oifige ainmnithe lena mbaineann *fo-alt (2)(b)(i)*, de réir ráta 2.5 faoin gcéad, agus

(II) i gcás sealbhóir oifige ainmnithe lena mbaineann *fo-alt (2)(b)(ii)*, de réir ráta 5 faoin gcéad,

de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir oifige ainmnithe arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha, faoi threoir na comhréire atá idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair,

agus arna choigeartú ina dhiaidh sin, go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin agus na cnapshuime de réir na

Coda seo, faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*,

(*b*) a shealbhaíonn oifig ar bhonn atá árachaithe go hiomlán chun críocha leasa shóisialaigh, ciallaíonn sé—

(i) chun pinsean bliantúil a ríomh, méid arna ríomh de réir ráta—

(I) 0.58 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir oifige ainmnithe atá níos lú ná, nó ar cóimhéid le, 3.74 oiread luach an Phinsin Stáit ranníocaigh an tráth sin, arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha, faoi threoir na comhréire idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair, agus

(II) 1.67 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir oifige ainmnithe atá níos mó ná 3.74 oiread luach an Phinsin Stáit ranníocaigh an tráth sin, arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha, faoi threoir na comhréire idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair,

(ii) chun íocaíocht cnapshuime a ríomh, méid arna ríomh—

(I) i gcás sealbhóir oifige ainmnithe lena mbaineann *fo-alt (2)(b)(i)*, de réir ráta 2.5 faoin gcéad, agus

(II) i gcás sealbhóir oifige ainmnithe lena mbaineann *fo-alt (2)(b)(ii)*, de réir ráta 5 faoin gcéad,

de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar shealbhóir oifige ainmnithe arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha, faoi threoir na comhréire atá idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair,

agus arna choigeartú dá éis sin, go dtí go n-eascróidh íoc na cnapshuime de réir na Coda seo, faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*.

Sochair scoir a ríomh — comhaltaí den Scéim a bhféadfar a cheangal orthu dul ar scor go luath.

**26**.—(1) Tá éifeacht leis an alt seo i leith seirbhís mar sheirbhíseach poiblí inphinsin ag comhalta den Scéim nó ag iarchomhalta den Scéim in aon chás díobh seo a leanas:

(*a*) mar chomhalta den Gharda Síochána i bpost inphinsin ar ina leith a cheanglaítear ar an gcomhalta dul ar scor, nó a thugtar teidlíocht dó nó di dul ar scor, ar 55 bliana d'aois a shlánú;

(*b*) mar chomhalta de na Buan-Óglaigh i bpost inphinsin—

(i) ar ina leith a cheanglaítear ar an gcomhalta dul ar scor nó é nó í a urscaoileadh nó a thugtar teidlíocht dó nó di dul ar scor nó teidlíocht go ndéanfar é nó í a urscaoileadh, go n-íocfar sochair scoir láithreach leis an gcomhalta ar 50 bliain d'aois a shlánú, nó

(ii) atá faoi réir scor nó urscaoileadh éigeantach ar thréimhse shonraithe seirbhíse a chur isteach nó ar fhorais aoise nó ar fhorais eile de réir théarmaí agus choinníollacha seirbhíse an duine sin agus ina gceanglaítear é nó í a chur ar scor nó a urscaoileadh roimh 50 bliain d'aois a shlánú;

(*c*) mar oifigeach príosúin i bpost inphinsin ar ina leith a cheanglaítear ar an oifigeach dul ar scor, nó a thugtar teidlíocht dó nó di dul ar scor, ar 55 bliana d'aois a shlánú;

(*d*) mar fhostaí sonraithe den bhriogáid dóiteáin.

(2) Aon duine ar comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim é nó í agus a mbaineann *mír (a)*, *(b)(i)*, *(c)* nó *(d) d'fho-alt (1)* leis nó léi agus—

(*a*) a bhfuil an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici, agus

(*b*) a bhfuil an aois lena mbaineann an mhír sin slánaithe aige nó aici,

beidh sé nó sí, faoi réir *alt 52* agus ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, incháilithe chun na nithe seo a leanas a fháil ar thosú dó nó di a bheith scor nó a bheith urscaoilte—

(i) pinsean bliantúil atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar chomhalta den Scéim lena mbaineann *fo-alt (1)*, agus

(ii) íocaíocht cnapshuime atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar chomhalta den Scéim lena mbaineann *fo-alt (1)*.

(3) (*a*) Aon duine ar comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim é nó í agus a mbaineann *mír (b)(ii) d'fho-alt (1)* leis nó léi, agus a bhfuil an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici, beidh sé nó sí, faoi réir *mhír (b)* agus ar iarratas a bheith déanta chuig an údarás iomchuí, incháilithe chun na nithe seo a leanas a fháil—

(i) pinsean bliantúil atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar chomhalta den Scéim lena mbaineann *fo-alt (1)*, agus

(ii) íocaíocht cnapshuime atá coibhéiseach le suim na méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire mar chomhalta den Scéim lena mbaineann *fo-alt (1)*.

(*b*) Chun críocha *mhír (a)*—

(i) i gcás go bhfuil an duine lena mbaineann ar scor nó urscaoilte ó na Buan-Óglaigh ar thréimhse shonraithe seirbhíse a bheith curtha isteach aige nó aici nó ar fhorais aoise nó de réir *fho-alt (1)(b)(ii)*, ansin, gan dochar *d'alt 28(5)* nó *29*, ní thosófar ar shochair scoir a íoc tráth is luaithe ná an aois ag a mbeidh duine i dteideal an pinsean agus an íocaíocht cnapshuime a fháil faoi *alt 28(1)(a)*,

(ii) i gcás go rachaidh an duine lena mbaineann ar scor, go n-éiríodh sé nó sí as, nó go ndéanfar é nó í a dhífhostú nó a urscaoileadh ó na Buan-Óglaigh—

(I) de dhroim aon locht, neamhghníomh nó gníomh ag an duine sin, nó

(II) ar shlí eile seachas de réir *fho-alt (1)(b)(ii)*,

ansin, gan dochar *d'alt 28(5)* nó *29*, ní thosófar ar shochair scoir a íoc tráth is luaithe ná an aois ag a mbeidh duine i dteideal an pinsean agus an íocaíocht cnapshuime a fháil faoi *alt 28(1)(b)*.

(4) Is faoi réir an ailt seo a léifear *alt 13*.

(5) San alt seo—

ciallaíonn "oifigeach príosúin" duine dá bhféadfaí, murach an Chuid seo, liúntas aoisliúntais a dheonú (gan deimhniú liachta) ar 55 bliana d'aois a bheith slánaithe aige nó aici, de bhua gur duine é nó í lena mbaineann mír (*a*) (a cuireadh isteach le halt 5 den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) d'alt 1(1) den *Superannuation (Prison Officers) Act*, 1919;

ciallaíonn "méideanna is inchurtha i leith gach bliain féilire nó cuid de bhliain féilire", i ndáil le bliain féilire seirbhíse nó cuid de bhliain féilire seirbhíse—

(*a*) chun pinsean bliantúil a ríomh, méid arna ríomh de réir ráta—

(i) 0.58 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar chomhalta den Scéim, ar comhalta é nó í lena mbaineann *fo-alt (1)*, atá níos lú ná, nó ar cóimhéid le, 3.74 oiread luach an Phinsin Stáit ranníocaigh an tráth sin, arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha, faoi threoir na comhréire idir an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair, agus

(ii) 1.43 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar chomhalta den Scéim, ar comhalta é nó í lena mbaineann *fo-alt (1)*, atá níos mó ná 3.74 oiread luach an Phinsin Stáit ranníocaigh an tráth sin, arna choigeartú, nuair nach rabhthas ag obair ar bhonn lánaimseartha, faoi threoir na comhréire idir

an líon uaireanta an chloig a oibríodh agus an líon uaireanta an chloig a d'oibreofaí dá mba ar bhonn lánaimseartha a bheifí ag obair,

agus

(*b*) chun an íocaíocht cnapshuime a ríomh, méid arna ríomh de réir ráta 4.29 faoin gcéad de luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim don bhliain sin nó don chuid sin de bhliain mar chomhalta den Scéim, ar comhalta é nó í lena mbaineann *fo-alt (1)*, arna choigeartú faoi threoir na comhréire idir an líon uaireanta an chloig lánaimseartha a d'oibrigh an duine i gcás nach ar bhonn lánaimseartha a bhí sé nó sí ag obair,

agus arna choigeartú dá éis sin, go dtí go n-eascróidh íoc an phinsin agus na cnapshuime de réir na Coda seo, faoi threoir cibé coigeartuithe a eascróidh de réir mar a fhoráiltear in *alt 40*;

ciallaíonn "fostaí sonraithe den bhriogáid dóiteáin" duine a shealbhaíonn post lánaimseartha faoi údarás áitiúil is údarás dóiteáin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981, ar duine é nó í a n-áirítear ar a dhualgais nó ar a dualgais freastal ag dóiteáin, agus a gceanglaítear air nó uirthi lena choinníollacha fostaíochta nó lena coinníollacha fostaíochta, arna gcinneadh ag údarás áitiúil faoi alt 158(1)(*b*) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, dul ar scor ar 55 bliana d'aois a bheith slánaithe aige nó aici.

Luathscor atá neodrach ó thaobh costais de.

**27**.—(1) San alt seo, ciallaíonn "aois shonraithe", i ndáil le comhalta den Scéim, faoi réir aon ordú faoi *fho-alt (3)*, 55 bliana d'aois.

(2) Más rud é—

(*a*) go n-éiríonn comhalta den Scéim as an tseirbhís phoiblí, tar éis an tréimhse dhílseacháin a chur isteach, agus nach bhfuil, ar an dáta ar a mbeidh éifeacht leis an éirí as sin, an ghnáthaois pinsin slánaithe aige nó aici ach a bhfuil, nó a mbeidh ar an dáta sin, an aois shonraithe slánaithe aige nó aici, agus

(*b*) roimh an dáta ar a mbeidh éifeacht leis an éirí as sin go bhfuil iarratas déanta i scríbhinn ag an gcomhalta den Scéim chuig an údarás iomchuí atá freagrach as an bpinsean agus an chnapshuim a íoc, go ndéanfaí sochair phinsin agus chnapshuime an chomhalta a íoc le héifeacht ón dáta sin, agus

(*c*) go gcomhaontaíonn an t-údarás iomchuí don chomhlacht seirbhíse poiblí ina bhfuil an comhalta den Scéim ag fónamh go n-íocfaí na sochair sin amhlaidh,

ansin déanfar na sochair sin a ríomh faoi threoir méideanna inchurtha an chomhalta den Scéim, arna bhfabhrú ar dháta an éirí as, agus beidh siad iníoctha amhail ar an agus ón dáta sin, ach déanfar méid gach sochair a laghdú faoi threoir aois an chomhalta den Scéim ar dháta an éirí as de réir táblaí achtúireachta arna gceadú agus arna n-eisiúint ó am go ham ag an Aire.

(3) Más rud é go measann an tAire, ag féachaint do na nithe seo a leanas—

(*a*) riachtanais na seirbhíse poiblí i gcoitinne nó aon chuid den tseirbhís phoiblí, nó

(*b*) staid ghnóthaí airgeadais na seirbhíse poiblí i gcoitinne nó aon chuid den tseirbhís phoiblí,

gurb ann d'imthosca, i leith comhaltaí den Scéim i gcoitinne nó i leith aon aicme de na comhaltaí sin, a fhágann gur cóir, i dtuairim an Aire, go mbeadh aois níos airde le slánú acu sula mbeidh feidhm ag *fo-alt (2)*, ansin féadfaidh an tAire, le hordú, aois a shonrú chun críocha *fho-alt (2)*, lena slánú, atá níos airde ná an aois shonraithe, i gcoitinne nó i leith na haicme sin, de réir mar a bheidh, agus dá réir sin beidh feidhm ag an aois a bheidh sonraithe amhlaidh le hordú.

(4) Féadfar a fhoráil freisin, le hordú faoi *fho-alt (3)*, go ndéanfar a fheidhm a theorannú maidir le hiarratais arna ndéanamh faoi *fho-alt (2)(b)* faoi dháta áirithe.

Sochair a chaomhnú.

**28**.—(1) Ach amháin i leith na hoifige lena mbaineann *alt 20*, má scoireann duine, tar éis an tréimhse dhílseacháin a chur isteach, de bheith ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí ar shlí seachas faoi *alt 27* nó *29*, agus mura mbeidh an ghnáthaois scoir slánaithe aige nó aici ar an dáta scoir, ansin beidh sé nó sí i dteideal pinsin agus íocaíocht cnapshuime (is pinsean agus íocaíocht cnapshuime dá ngairtear "pinsean caomhnaithe" agus "cnapshuim chaomhnaithe" faoi seach sa Chuid seo)—

(*a*) i gcás duine lena mbaineann *alt 26(1)(b)(ii)*, seachas i gcás go bhfuil feidhm ag *alt 26(3)(b)(ii)* freisin, ar 60 bliain d'aois a shlánú, agus

(*b*) in aon chás eile (lena n-áirítear cás lena mbaineann *alt 26(3)(b)(ii)*)—

(i) ar 66 bliana d'aois a shlánú, nó

(ii) ar an aois a shlánú ag a bhfuil duine ó am go ham i dteideal Pinsean Stáit ranníocach a fháil, nó incháilithe chun é a fháil, nó ag a mbeadh sé nó sí i dteideal Pinsean Stáit ranníocach a fháil amhlaidh, nó incháilithe chun é a fháil amhlaidh, dá mbeadh na critéir cháilitheacha nach mbaineann le haois comhlíonta aige nó aici,

cibé acu is déanaí a tharlóidh.

(2) Beidh pinsean caomhnaithe iníoctha leis an duine lena mbaineann ar an agus ón tráth a shlánóidh sé nó sí an aois arna cinneadh de réir *fho-alt (1)* ar iarratas a bheith déanta go cuí ar mhodh dá bhforálfaidh an tAire.

(3) Is é an méid a bheidh i bpinsean caomhnaithe agus i gcnapshuim chaomhnaithe an méid a dhámhfaí don chomhalta lena mbaineann den Scéim faoi na hailt faoi shochair a ríomh dá mbeadh an aois arna cinneadh de réir *fho-alt (1)* slánaithe aige nó aici ar an dáta is déanaí a scoir sé nó sí de bheith ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí, arna athrú faoi threoir aon choigeartuithe a bheadh déanta faoi *alt 40* idir an dáta sin agus an tráth a bheadh an aois arna cinneadh amhlaidh slánaithe ag an gcomhalta den Scéim.

(4) Má fhaigheann duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* bás sula mbeidh an aois arna cinneadh de réir *fho-alt (1*) slánaithe aige nó aici, ansin beidh aisce báis chaomhnaithe atá ar cóimhéid le méideanna cnapshuime is inchurtha agus atá fabhraithe, arna n-athrú faoi threoir aon choigeartuithe a bheadh déanta faoi *alt 40*, iníoctha le hionadaí pearsanta dlíthiúil an duine ar iarratas ón ionadaí pearsanta dlíthiúil.

(5) I gcás go mbainfidh easláinte bhuan do dhuine lena mbaineann *fo-alt (1)* agus go ndeimhneoidh sé nó sí don údarás iomchuí, má tá sé nó sí fós ag fónamh, go mbeadh sé nó sí incháilithe chun dul ar scor ar fhorais liachta faoi *alt 29*, ansin féadfar pinsean caomhnaithe agus cnapshuim chaomhnaithe a íoc le héifeacht ón dáta (nach luaithe ná dáta iarratas an iarchomhalta) ar a ndeimhneofar sin don údarás iomchuí.

(6) Ní bheidh feidhm ag rialacháin arna ndéanamh faoin *alt 29(6)* maidir le haon phinsean caomhnaithe ná cnapshuim chaomhnaithe, is iníoctha faoi *fho-alt (5)*.

(7) Tá an t-alt seo faoi réir *alt 14*.

Scor ar fhorais liachta.

**29**.—(1) Aon chomhalta den Scéim a mbeidh tréimhse is lú ná an tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici agus a rachaidh ar scor, nó a chuirfear ar scor nó a urscaoilfear, ar fhorais liachta de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i *bhfo-alt (3)*, nó a mbaineann *fo-alt (10*) leis nó léi, de réir mar a bheidh, beidh sé nó sí incháilithe chun aisce 8.5 faoin gcéad den luach saothair inphinsin iarbhír le linn na tréimhse seirbhíse a fháil.

(2) Aon chomhalta den Scéim a mbeidh tréimhse dhílseacháin curtha isteach aige nó aici agus a rachaidh ar scor, nó a chuirfear ar scor nó a urscaoilfear, ar fhorais liachta de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i *bhfo-alt (3)*, nó a mbaineann *fo-alt (10)* leis nó léi, de réir mar a bheidh, beidh sé nó sí incháilithe chun sochair scoir arna ríomh gan laghdú achtúireach a fháil.

(3) I gcás go rachaidh comhalta den Scéim ar scor nó go gcuirfear ar scor é nó í ar fhorais liachta, ní íocfar sochar faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, de réir mar a bheidh, ach amháin i gcás go mbeidh na coinníollacha seo a leanas arna gcomhlíonadh:

(*a*) go mbeidh fianaise liachta arna tabhairt lena ndeimhnítear don údarás iomchuí—

(i) go bhfuil riocht liachta reatha coirp nó meabhrach, atá aitheanta ag lucht liachta, ar an gcomhalta den Scéim, is riocht ar dóigh di a bheith buan agus marthanach,

(ii) go bhfágann an riocht sin an comhalta éagumasach go buan, ar bhonn liachta, ar sheirbhís rialta éifeachtach a thabhairt ina shlí bheatha nó ina slí bheatha reatha nó ina ghrád nó ina grád reatha, agus

(iii) maidir le roghanna cóireála liachta réasúnacha agus athruithe is indéanta ar shocruithe oibre (lena n-áirítear i gcásanna eisceachtúla, lasmuigh de shlí bheatha reatha nó de ghrád reatha an chomhalta den Scéim) a chumasódh nó a d'éascódh don chomhalta leanúint de sheirbhís a thabhairt, go ndearnadh

scrúdú orthu agus nach meastar iad a bheith praiticiúil,

(*b*) go bhfuil gá leis an scor mar gheall ar an riocht liachta leanúnach coirp nó meabhrach sin atá aitheanta ag lucht liachta, agus

(*c*) nach ndearna an comhalta den Scéim—

(i) nuair a chuaigh sé nó sí i mbun poist, oifige nó ceapacháin i gcomhlacht seirbhíse poiblí den chéad uair, nó

(ii) nuair a chuaigh sé nó sí i mbun poist, oifige nó ceapacháin eile den sórt sin dá éis sin,

dearbhú bréagach faoina shláinte nó faoina sláinte ná aon fhíoras iomchuí faoina shláinte nó faoina sláinte a cheilt.

(4) Déanfar an fhianaise liachta a cheanglaítear a thabhairt le *fo-alt (3)* a bhunú ar mheasúnacht liachta arna déanamh ag lia-chleachtóir cláraithe—

(*a*) atá cáilithe chun oiriúnacht an chomhalta lena mbaineann den Scéim chun oibre a mheasúnú, agus

(*b*) lena mbaineann *fo-alt (5)*,

agus ní ceadmhach gurb othar thairis sin de chuid an lia-chleachtóra chláraithe sin an comhalta den Scéim.

(5) Chun críocha *fho-alt (4)*, ní bheidh deimhniú ó lia-chleachtóir cláraithe inghlactha ach amháin má tá *fo-alt (4)(a)* arna chomhlíonadh agus, chun críocha *fho-alt (4)(b)*, má dheimhníonn an lia-chleachtóir don údarás iomchuí go bhfuil sé nó sí ag cleachtadh liachta le tréimhse 6 bliana—

(*a*) ón tráth a taifeadadh a ainm nó a hainm i gclár na lia-chleachtóirí, nó

(*b*) i gcás gur in áit lasmuigh den Stát a rinneadh an mheasúnacht liachta lena mbaineann an deimhniú, ón tráth a tháinig an lia-chleachtóir chun bheith i dteideal liacht a chleachtadh faoi dhlí na háite sin.

(6) Maidir le *fo-alt (2)*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun an ráta pinsin agus cnapshuime a mhéadú ag féachaint do na nithe seo a leanas—

(*a*) aois an chomhalta den Scéim tráth a dhul nó a dul ar scor, nó a urscaoilte nó a hurscaoilte, ar fhorais liachta,

(*b*) an ghairm a d'fhéadfadh a bheith ag comhalta den Scéim, nó a mbeifí ag súil leis go mbeadh sí aige nó aici, sa todhchaí, mar sheirbhíseach poiblí nó eile, tráth a scoir nó a urscaoilte nó a hurscaoilte ar fhorais liachta,

(*c*) candam an phinsin agus na cnapshuime a bheadh iníoctha le comhalta den Scéim faoi *fho-alt (2)* murach rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt seo, agus

(*d*) cibé nithe eile is dóigh leis an Aire a bheith iomchuí i ndáil le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta de chuid comhalta den Scéim,

agus féadfar rialacháin faoin bhfo-alt seo a dhéanamh i leith gach comhalta den Scéim nó i leith aicme nó aicmí de chomhaltaí den Scéim.

(7) Maidir le méid comhlán luachmhéadú ar aon phinsean agus cnapshuim a fhéadfar a dhéanamh de bhua rialacháin faoi *fho-alt (6)*, ní bheidh sé níos mó ná 10 n-oiread luach an mhéid is inchurtha is déanaí do bhliain iomlán arna ríomh i leith comhalta iomchuí den Scéim.

(8) Más rud é, maidir le duine—

(*a*) a chuaigh ar scor, nó a cuireadh ar scor nó a urscaoileadh, ar fhorais liachta, gur dámhadh pinsean agus cnapshuim dó nó di faoin gCuid seo, agus

(*b*) go ndéantar é nó í a athcheapadh dá éis sin mar sheirbhíseach poiblí inphinsin agus mar chomhalta den Scéim,

ansin—

(i) scoirfear den phinsean a íoc i leith aon tréimhse tar éis an athcheapacháin sin,

(ii) ar an gcnapshuim arna dámhachtain amhlaidh maille le hús iolraithe go dtí an dáta íocaíochta, nó an dáta íocaíochta deiridh i gcás lena mbaineann *fo-alt (9)(a)*, a aisíoc leis an údarás iomchuí lena mbaineann, tabharfar ar ais don duine sin suim na méideanna is inchurtha a bhí carntha aige nó aici ar an dáta a scoir sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim, agus

(iii) déanfar an méid a thabharfar ar ais faoi *mhír (ii)* a theorannú do luach iarbhír na méideanna is inchurtha, tráth an scoir nó an urscaoilte ar fhorais liachta.

(9) Chun críocha *fho-alt (8)*—

(*a*) féadfaidh an t-údarás iomchuí lena mbaineann, dá rogha féin, comhaontú glacadh le híoc an mhéid lena mbaineann trí níos mó ná aon íocaíocht amháin,

(*b*) déanfar ús iolraithe a ríomh de réir cibé ráta bliantúil a shonróidh an t-údarás iomchuí le ceadú an Aire.

(10) Níl feidhm ag *fo-ailt (3)*, *(4)* agus *(5)* maidir le comhalta de na Buan-Óglaigh a ndéantar, de réir na rialachán arna ndéanamh faoi na hAchtanna Cosanta, 1954 go 2007, nó de réir aon bheart riaracháin eile arna dhéanamh go cuí ag an Aire Cosanta, é nó í a urscaoileadh nó a chur ar scor go héigeantach as na Buan-Óglaigh, ar fhorais liachta, tar éis a fhionnadh go bhfuil sé nó sí neamhinniúil chun a thuilleadh seirbhíse a thabhairt.

**30**.—(1) Más rud é, maidir le comhalta den Scéim, seachas an tUachtarán nó sealbhóir oifige cáilithí ach lena n-áirítear Ard-Aighne nach comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, go Bás sa tseirbhís.

bhfaigheann sé nó sí bás le linn dó nó di a bheith ag fónamh mar sheirbhíseach poiblí inphinsin, beidh ionadaí pearsanta dlíthiúil an chomhalta, faoi réir *fho-alt (2)*, incháilithe chun méid a fháil mar íocaíocht cnapshuime, dá ngairtear "aisce báis" sa Chuid seo, a bheidh ar cóimhéid le dhá oiread luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim sa 12 mhí roimh a bhás nó a bás, lúide—

(*a*) aon chnapshuim aoisliúntais is iníoctha nó a íocadh cheana as an Scéim, nó as scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, agus

(*b*) aon aisce báis is iníoctha nó a íocadh cheana as scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

(2) I gcás go mbeidh an méid comhiomlán is iníoctha nó a íocadh cheana, ar méid é lena mbaineann *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (1)*, ar cóimhéid le dhá oiread luach saothair inphinsin an chomhalta den Scéim sa 12 mhí roimh a bhás nó a bás, nó níos mó ná sin, ansin, maidir le hionadaí pearsanta dlíthiúil an duine éagtha, ní bheidh sé nó sí incháilithe chun aon mhéid a fháil i dteannta an mhéid sin a bheidh iníoctha amhlaidh nó íoctha cheana.

Oibleagáid sochair a íoc faoin gCaibidil seo.

**31**.—(1) Maidir le haon sochar scoir a dhlitear a íoc faoin gCaibidil seo a ríomh agus a íoc, is feidhm é sin—

(*a*) de chuid an údaráis iomchuí don chomhlacht seirbhíse poiblí is déanaí ina raibh an duine lena mbaineann ag fónamh mar sheirbhíseach poiblí roimh dhul ar scor dó nó di agus ar chomhalta den Scéim é nó í ina leith, nó

(*b*) de chuid cibé údaráis iomchuí eile ar ordaigh an tAire dó i scríbhinn an fheidhm sin a chomhlíonadh, cibé acu i gcoitinne nó i leith aon aicme nó aicmí iarchomhaltaí den Scéim.

(2) Ní léifear aon ní i *bhfo-alt (1)* ar shlí a choiscfeadh an t-údarás iomchuí ar shocruithe a dhéanamh chun aon sochar scoir a íoc trí údarás iomchuí eile nó trí thríú páirtí mar ghníomhaire an údaráis iomchuí.

Pinsean a íoc, etc.

**32**.—(1) Maidir le seirbhís de chuid comhalta den Scéim, is de réir na Coda seo amháin a dhéanfar sochar pinsin agus sochar cnapshuime (lena n-áirítear aon sochar den sórt sin ar pinsean caomhnaithe é nó ar cnapshuim chaomhnaithe í) arna fhabhrú faoin Scéim a íoc.

(2) Is go riaráisteach a íocfaidh údarás iomchuí pinsin is iníoctha faoin gCuid seo agus leanfaidh siad—

(*a*) ar feadh shaol an iarchomhalta lena mbaineann den Scéim, agus

(*b*) más cuí, tar éis bhás an iarchomhalta den Scéim, le linn na tréimhse teidlíochta i leith aon duine eile lena mbaineann.

(3) I gcás go mbeidh sochar pinsin nó sochar cnapshuime, nó sochar pinsin agus sochar cnapshuime, iníoctha faoin Scéim le duine iomchuí ar deimhin leis an údarás iomchuí ina leith, ar dheimhniú ó lia-chleachtóir cláraithe lena mbaineann *fo-alt (6)*, go bhfuil an duine iomchuí neamhábalta mar gheall ar mhíchumas meabhrach nó coirp

admháil a thabhairt ar an méid, féadfaidh an t-údarás sin, mura mbeidh a mhalairt ordaithe ag cúirt dlínse inniúla, an sochar pinsin nó an sochar cnapshuime, nó an sochar pinsin agus an sochar cnapshuime, a íoc—

(*a*) go hiomlán nó go páirteach le haon fhoras nó duine a bhfuil an duine iomchuí faoina chúram nó faoina cúram, nó

(*b*) maidir le cuid den sochar, le haon fhoras nó duine a bhfuil an duine iomchuí faoina chúram nó faoina cúram agus, maidir leis an gcuid a bheidh fágtha, go hiomlán nó go páirteach—

(i) le céile nó páirtnéir sibhialta an duine iomchuí, agus

(ii) le cibé daoine a measfaidh an t-údarás iomchuí gur cleithiúnaithe de chuid an duine iomchuí iad,

agus ar cibé modh is cuí leis an údarás iomchuí.

(4) Ní dhéanfaidh aon ní i *bhfo-alt (3)* difear d'aon chumhacht mharthanach aturnae dá bhforáiltear de réir Chuid II den Acht um Chumhachtaí Aturnae, 1996.

(5) Déanfar, le haon íocaíochtaí arna ndéanamh faoin alt seo, cibé údarás iomchuí a dhéanann iad a urscaoileadh chomh hiomlán sin amhail is dá mba go díreach leis an duine iomchuí a rinneadh iad.

(6) Chun críocha *fho-alt (3)*, ní bheidh deimhniú ó lia-chleachtóir cláraithe inghlactha ach amháin má dheimhníonn an cleachtóir don údarás iomchuí go bhfuil sé nó sí ag cleachtadh liachta le tréimhse 6 bliana—

(*a*) ón tráth a taifeadadh a ainm nó a hainm i gclár na lia-chleachtóirí, nó

(*b*) i gcás gur in áit lasmuigh den Stát a rinneadh an mheasúnacht liachta lena mbaineann an deimhniú, ón tráth a tháinig an lia-chleachtóir chun bheith i dteideal míochaine a chleachtadh faoi dhlí na háite sin.

(7) San alt seo, ciallaíonn "duine iomchuí" duine atá ag fáil pinsean faoin Scéim.

Pinsean marthanóra.

**33**.—(1) Féadfaidh an tAire, de dhroim comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim d'fháil bháis (dá ngairtear an "comhalta éagtha" sa Chuid seo), ar comhalta é nó í ar dámhadh nó a bhféadfaidh sé go ndámhfar pinsean nó aisce báis nó pinsean caomhnaithe nó íocaíocht cnapshuime caomhnaithe dó nó di, nó ina leith, i gcás go maireann céile nó páirtnéir sibhialta i ndiaidh an chomhalta éagtha agus faoi réir fhorálacha eile na Coda seo, pinsean (dá ngairtear "pinsean marthanóra" sa Chuid seo) a dheonú don chéile sin nó don pháirtnéir sibhialta sin i leith sheirbhís an chomhalta éagtha mar sheirbhíseach poiblí.

(2) Beidh an pinsean marthanóra iníoctha de réir leath an ráta a bhaineann le pinsean nó le pinsean caomhnaithe an chomhalta éagtha lena mbaineann ach amháin i gcás go bhfaighidh comhalta den Scéim bás le linn dó nó di a bheith ag fónamh mar sheirbhíseach poiblí, ansin is é a bheidh ann leath an phinsin a bheadh iníoctha leis

an gcomhalta de réir *alt 29* dá mba rud é, ar dháta a bháis nó a báis, go raibh sé nó sí ar scor, nó curtha ar scor nó urscaoilte, ar fhorais liachta.

Pinsean marthanóra a dheonú agus a íoc.

**34**.—(1) Maidir le céile nó páirtnéir sibhialta comhalta éagtha a mhaireann i ndiaidh an chomhalta sin—

(*a*) ní dheonófar dó nó di ná ní íocfar léis nó léi pinsean marthanóra faoin gCuid seo más rud é go raibh an céile nó an páirtnéir sibhialta sin, tráth bhás an chomhalta den Scéim, ina chomhchónaí nó ina comhchónaí le duine seachas an comhalta éagtha, ná

(*b*) ní íocfar leis nó léi pinsean marthanóra faoin gCuid seo i leith aon tréimhse tar éis bhás an chomhalta den Scéim ar lena linn atá an céile nó an páirtnéir sibhialta pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ina chomhchónaí nó ina comhchónaí le haon duine.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, más rud é—

(*a*) nár deonaíodh pinsean marthanóra do dhuine de bhua *fho-alt (1)(a)* nó, má deonaíodh, nach bhfuil sé á íoc le duine de bhua *fho-alt (1)(b)*, agus

(*b*) (i) ar dháta i ndiaidh dáta aon phósta nó aon pháirtnéireachta sibhialta lena mbaineann *fo-alt (1)(b)*—

(I) gur scoir an pósadh nó an pháirtnéireacht shibhialta de dheasca bhás an duine eile lena mbaineann, nó

(II) gur scaoileadh an pósadh nó an pháirtnéireacht shibhialta go cuí,

(ii) i gcás aon chomhchónaí lena mbaineann *fo-alt (1)*, gur deimhin leis an Aire nó leis an údarás iomchuí eile lena mbaineann go bhfuil an comhchónaí scortha, nó

(iii) go bhfuil, i dtuairim an Aire, tar éis iarratas a bhreithniú, forais atruach ann le pinsean marthanóra a íoc,

ansin, féadfaidh an tAire nó an t-údarás iomchuí eile, le toiliú an Aire, má mheasann an tAire nó an t-údarás iomchuí eile (de réir mar is cuí) gur cóir cothromasach sna himthosca go léir é a dhéanamh, pinsean marthanóra a dheonú nó a athdheonú, de réir mar a bheidh, amhail ón dáta a chinnfear de réir *fho-alt (5)*.

(3) Gan dochar d'fheidhmiú a fheidhme nó a feidhme faoi *fho-alt (2)(b)(iii)* aon tráth, féadfaidh an tAire an fheidhm sin a tharmligean i scríbhinn chuig aon údarás iomchuí i leith marthanóirí comhaltaí éagtha nó aicme comhaltaí éagtha. Féadfaidh an tAire tarmligean faoin bhfo-alt seo a chúlghairm aon tráth i scríbhinn.

(4) Féadfar a áireamh in aon tarmligean faoi *fho-alt (3)* ordacháin nó treoracha eile chuig an údarás iomchuí lena mbaineann maidir leis na himthosca a chinneadh ina bhféadfadh forais atruach a bheith ann nó gan a bheith ann. Féadfaidh an tAire ordacháin nó treoracha eile lena mbaineann an fo-alt seo a leasú i scríbhinn ó am go ham.

(5) Is é an dáta a bheidh le cinneadh chun críocha *fho-alt (2)*—

(*a*) i gcás pósadh nó páirtnéireacht shibhialta, an dáta a scoir an pósadh nó an pháirtnéireacht shibhialta de dheasca bhás an duine eile lena mbaineann nó an dáta a scaoileadh an pósadh nó an pháirtnéireacht shibhialta,

(*b*) i gcás comhchónaí, an dáta a scoir an comhchónaí nó, i gcás nach féidir leis an údarás iomchuí an dáta sin a chruthú go cinnte, cibé dáta ar dealraitheach don údarás iomchuí gur dáta é ónar dócha, i dtuairim an údaráis, gur scoir an comhchónaí, agus

(*c*) i gcás lena mbaineann *fo-alt (2)(b)(iii)*, an dáta a chinnfidh an tAire, is dáta nach luaithe ná an dáta a gheobhaidh an tAire an t-iarratas iomchuí.

(6) Faoi réir *fho-ailt (1)* go *(4)*, ní ceadmhach pinsean marthanóra a íoc ach amháin i leith na tréimhse dar tosach an lá tar éis dháta báis an chomhalta lena mbaineann den Scéim agus dar críoch lá báis chéile nó pháirtnéir sibhialta an chomhalta éagtha sin.

Pinsean leanaí — deonú.

**35**.—Féadfaidh an tAire, de dhroim comhalta den Scéim nó iarchomhalta den Scéim d'fháil bháis, ar comhalta é nó í ar dámhadh nó a bhféadfaidh sé go ndámhfar pinsean nó aisce báis, nó pinsean caomhnaithe nó íocaíocht cnapshuime caomhnaithe dó nó di, nó ina leith, i gcás go maireann leanbh cleithiúnach nó leanaí cleithiúnacha i ndiaidh an chomhalta éagtha, pinsean a dheonú le haghaidh na leanaí sin (dá ngairtear "pinsean leanaí" sa Chuid seo) i leith sheirbhís an chomhalta éagtha mar sheirbhíseach poiblí inphinsin.

Pinsean leanaí — tairbhithe.

**36**.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* go *(7)*, maidir le duine is leanbh de chuid comhalta éagtha, ní mheasfar gur leanbh é nó í chun críocha pinsean leanaí a íoc in aon chás díobh seo a leanas:

(*a*) duine, seachas duine lena mbaineann *mír (c)*, nach raibh go hiomlán nó go formhór i gcleithiúnas airgeadais an chomhalta éagtha díreach roimh bhás an chomhalta éagtha;

(*b*) duine atá pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ina chomhchónaí nó ina comhcónaí le duine eile;

(*c*) duine a bhfuil díolaíochtaí nó deontais le haghaidh oideachais, teagaisc nó oiliúna iníoctha leis nó léi, nó ina leith, agus ar fhág na díolaíochtaí sin, díreach roimh bhás an chomhalta éagtha, nach raibh an duine i gcleithiúnas airgeadais an chomhalta éagtha.

(2) Maidir le duine lena mbaineann *mír (b) d'fho-alt (1)* agus más rud é, i dtuairim an Aire go bhfuil forais atruach ann chun déanamh amhlaidh, féadfaidh an tAire, má mheasann sé nó sí gur cóir cothromasach sna himthosca go léir é a dhéanamh, a ordú, d'ainneoin na míre sin, go measfar, ó dháta a bheidh sonraithe san ordachán, gur leanbh nach mbaineann an mhír sin leis nó léi an duine agus, dá réir sin, fad a bheidh an t-ordachán i bhfeidhm, forléireofar an Chuid seo agus beidh éifeacht léi, maidir leis an duine lena mbaineann an t-ordachán, de réir an ordacháin.

(3) Gan dochar dá fheidhm nó dá feidhm a fheidhmiú faoi *fho-alt (2)* aon tráth, féadfaidh an tAire an fheidhm sin a tharmligean i scríbhinn chuig aon údarás iomchuí i leith aon leanaí de chuid comhaltaí éagtha nó de chuid aicme nó aicmí comhaltaí éagtha. Féadfaidh an tAire tarmligean faoin bhfo-alt seo a chúlghairm i scríbhinn aon tráth.

(4) Féadfar a áireamh, in aon tarmligean faoi *fho-alt (3)*, ordacháin nó treoracha eile chuig an údarás iomchuí lena mbaineann maidir leis na himthosca a chinneadh ina bhféadfadh forais atruach a bheith ann nó gan a bheith ann. Féadfaidh an tAire ordacháin nó aon treoracha eile lena mbaineann an fo-alt seo a leasú i scríbhinn ó am go ham.

(5) Le linn cinneadh faoin alt seo a dhéanamh de bhua *fho-alt (3)*, déanfaidh údarás iomchuí amhlaidh de réir aon ordachán marthanach nó treoracha eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*.

(6) Más rud é, maidir le duine lena mbaineann *fo-alt (1)(c)*, go dtarlóidh sos in oideachas, i dteagasc nó in oiliúint an duine, ansin mura n-ordóidh an t-údarás iomchuí a mhalairt, measfar, go feadh an tsosa sin, gur leanbh é nó í chun críocha na Coda seo.

(7) Ní bheidh leanbh incháilithe le haghaidh pinsean leanaí i leith níos mó ná 2 chomhalta éagtha. I gcás go mbeadh leanbh, murach an fo-alt seo, incháilithe le haghaidh pinsean leanaí i leith níos mó ná 2 chomhalta éagtha, ansin ní bheidh sé nó sí incháilithe ach le haghaidh an dá phinsean do leanaí is mó fabhar dó nó di.

Pinsean leanaí — na daoine lena n-íocfar é.

**37**.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfar pinsean leanaí a íoc le tuismitheoir, leastuismitheoir nó caomhnóir an linbh má tá an leanbh sin faoina chúram nó faoina cúram.

(2) Más rud é nach bhfuil leanbh a bhfuil pinsean leanaí iníoctha ina leith faoi chúram a thuismitheora nó a tuismitheora, a leastuismitheora nó a chaomhnóra nó a caomhnóra, déanfar an pinsean a íoc leis an leanbh nó le cibé duine eile a chinnfidh an t-údarás iomchuí.

(3) I gcás go mbeidh leanbh a bhfuil pinsean leanaí iníoctha ina leith faoi chúram níos mó ná duine amháin, féadfar an pinsean leanaí lena mbaineann a íoc le gach duine de na daoine sin i cibé cionúireachtaí a chinnfidh an t-údarás iomchuí.

(4) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, ordacháin nó treoracha eile a eisiúint i scríbhinn chuig na húdaráis iomchuí go léir nó chuig aicme nó aicmí údarás iomchuí maidir le cinneadh na haicme nó na n-aicmí daoine lena bhféadfar pinsean leanaí a íoc. Féadfaidh an tAire ordacháin nó treoracha eile lena mbaineann an fo-alt seo a leasú i scríbhinn ó am go ham.

(5) Le linn cinneadh a dhéanamh faoin alt seo, déanfaidh údarás iomchuí amhlaidh de réir aon ordacháin mharthanacha nó aon treoracha marthanacha eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*.

Pinsean leanaí — na coinníollacha a ghabhann lena íoc, etc.

**38**.—(1) Deonófar pinsean leanaí agus déanfar íocaíochtaí ar an gcoinníoll gur chun sochair don leanbh nó do na leanaí dár deonaíodh an pinsean a úsáidfear na híocaíochtaí.

(2) Más rud é—

(*a*) go bhfágann an comhalta éagtha céile nó páirtnéir sibhialta marthanach ina dhiaidh nó ina diaidh agus, maidir leis an gcéile nó leis an bpáirtnéir sibhialta—

(i) nach ndearnadh iarratas ar aon phinsean marthanóra,

(ii) má rinneadh iarratas air, nár eascair aon teideal chun pinsin marthanóra, nó

(iii) má deonaíodh pinsean marthanóra, gur scoir sé de bheith iníoctha faoin gCuid seo le linn a bheith beo don chéile nó don pháirtnéir sibhialta,

(*b*) nach ndearna an céile ná an páirtnéir sibhialta aon iarratas ar phinsean do leanaí i leith aon leanbh de chuid an chomhalta éagtha a bhí faoi choimeád an chéile nó an pháirtnéara shibhialta, agus

(*c*) go bhfaighidh céile nó páirtnéir sibhialta an chomhalta éagtha bás dá éis sin,

ansin níl aon phinsean leanaí iníoctha faoin gCuid seo i leith leanbh lena mbaineann *mír (b)* maidir leis na tréimhsí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* nó i leith *fhomhíreanna (i)* go *(iii) de mhír (a)*.

(3) Chun críocha *fho-alt (2)* is iad seo a leanas na tréimhsí:

(*a*) i gcás go bhfuil feidhm ag *fomhír (i)* nó *(ii) d'fho-alt (2)(a)*, an tréimhse dar tosach dáta báis an chomhalta éagtha lena mbaineann agus dar críoch dáta báis an chéile nó an pháirtnéara shibhialta;

(*b*) i gcás go bhfuil feidhm ag *fomhír (iii) d'fho-alt (2)(a)*, an tréimhse dar tosach an dáta a scoir an pinsean marthanóra de bheith iníoctha agus dar críoch dáta báis an chéile nó an pháirtnéara shibhialta.

(4) Más rud é, murach an fo-alt seo, nach mbeadh pinsean leanaí iníoctha mar gheall ar *fho-ailt (2)* agus *(3)*, féadfaidh an tAire nó an t-údarás iomchuí lena mbaineann de lánrogha an Aire, faoi réir *fho-ailt (5)* agus *(6)*, nó an údaráis iomchuí, de réir mar a bheidh, a ordú go mbeidh pinsean leanaí iníoctha agus, i gcás go ndéantar ordachán den sórt sin, féadfaidh an tAire nó an t-údarás iomchuí (de réir mar a bheidh), má mheasann sé nó sí gur cóir cothromasach é sna himthosca go léir, a ordú thairis sin go n-íocfar an pinsean leanaí i ndáil leis an tréimhse go léir lena mbaineann nó le cuid den tréimhse sin.

(5) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, ordacháin nó treoracha eile a eisiúint i scríbhinn chuig na húdaráis iomchuí go léir nó chuig aicme nó aicmí údarás iomchuí maidir leis na coinníollacha, nó a bhainfidh leis na coinníollacha, faoina bhféadfar pinsean leanaí a íoc. Féadfaidh an tAire ordacháin nó treoracha eile lena mbaineann an fo-alt seo a leasú i scríbhinn ó am go ham.

(6) Le linn rogha a fheidhmiú nó gan rogha a fheidhmiú faoin alt seo, déanfaidh údarás iomchuí amhlaidh de réir aon ordacháin mharthanacha nó aon treoracha marthanacha eile a bheidh eisithe chuig an údarás faoi *fho-alt (5)*.

Pinsean leanaí— an ráta a ríomh agus íocaíocht.

**39**.—(1) Ní fhéadfar pinsean leanaí a íoc ach amháin i ndáil leis an tréimhse nó na tréimhsí tar éis dháta báis an chomhalta nó an iarchomhalta lena mbaineann, de réir mar a bheidh.

(2) Is é an ráta pinsin leanaí—

(*a*) más rud é nach bhfágann an comhalta éagtha nó an t-iarchomhalta éagtha céile ná páirtnéir sibhialta nó, más rud é go maireann ina dhiaidh nó ina diaidh céile nó páirtnéir sibhialta a fhaigheann bás tar éis a bháis nó a báis—

(i) i gcás nach bhfuil ach aon leanbh amháin ann, trian de phinsean an chomhalta éagtha, nó

(ii) i gcás go bhfuil 2 leanbh nó níos mó ann, de réir ráta i leith gach linbh atá ar cóimhéid le leath phinsean an chomhalta éagtha arna roinnt ar líon na leanaí;

(*b*) más rud é go bhfágann an comhalta éagtha céile nó páirtnéir sibhialta—

(i) i gcás go bhfuil 3 leanbh nó níos lú ann, an séú cuid de phinsean an chomhalta éagtha i leith gach linbh,

(ii) i gcás go bhfuil 4 leanbh nó níos mó ann, de réir ráta i leith gach linbh atá ar cóimhéid le leath phinsean an chomhalta éagtha arna roinnt ar líon na leanaí.

*Coigeartuithe pinsin agus coigeartuithe eile*

Pinsean agus méideanna is inchurtha a choigeartú.

**40**.—(1) Cuirfidh an tAire faoi deara an treoir praghsanna do thomhaltóirí a scrúdú mar a leanas chun a shuíomh cibé acu atá nó nach bhfuil aon mhéadú tagtha ar an treoir sin.

(2) Maidir le méideanna is inchurtha—

(*a*) déanfar an chéad scrúdú faoi *fho-alt (1)* chun a shuíomh an bhfuil aon mhéadú tagtha ar an treoir praghsanna do thomhaltóirí idir an treoirfhigiúr reatha ag an dáta feidhme agus an treoirfhigiúr arb é an treoirfhigiúr reatha é maidir le deireadh na bliana féilire ina raibh an dáta feidhme, agus

(*b*) déanfar scrúduithe dá éis sin faoi *fho-alt (1)* chun a shuíomh an bhfuil aon mhéadú tagtha ar an treoir praghsanna do thomhaltóirí ó tháinig an méadú díreach roimhe sin air i mbliain féilire don treoir sin,

agus déanfar na méideanna is inchurtha a bheidh fabhraithe faoin Scéim a mhéadú chun aon mhéadú den sórt sin a léiriú.

(3) Maidir le pinsin is iníoctha faoin Scéim—

(*a*) déanfar an chéad scrúdú faoi *fho-alt (1)* idir an 13ú mí agus an 24ú mí tar éis an dáta feidhme chun a shuíomh an bhfuil aon mhéadú tagtha ar an treoir praghsanna do thomhaltóirí i leith tréimhse bliana a shonróidh an tAire ach ní thosóidh an tréimhse sin tráth is luaithe ná 2 bhliain roimh dháta an scrúdaithe, agus

(*b*) déanfar an dara scrúdú agus scrúduithe dá éis sin gach bliain i leith gach tréimhse bliana as a chéile (a thosóidh tar éis na tréimhse bliana dá dtagraítear i *mír (a)*) chun a shuíomh an bhfuil aon mhéadú tagtha ar an treoir praghsanna do thomhaltóirí ón méadú díreach roimhe sin a tháinig uirthi le linn tréimhse bliana don treoir sin nó, más rud é nár tháinig aon mhéadú den sórt sin air, ón gcéad scrúdú faoi *mhír (a)*,

agus, faoi réir *fho-alt (4)*, déanfar pinsin is iníoctha faoin Scéim a mhéadú chun aon mhéadú den sórt sin a léiriú.

(4) Cinnfidh an tAire cén uair a bheidh aon mhéadú ar phinsin faoin alt seo le híoc ag féachaint d'athruithe ar an treoir praghsanna do thomhaltóirí, lena n-áirítear cén uair a íocfar agus an modh ar a n-íocfar aon mhéadú—

(*a*) leis na pinsin go léir nó le haon aicme pinsean is iníoctha faoin gCuid seo, nó

(*b*) i gcoitinne i leith na bpinsean go léir is iníoctha faoin gCuid seo.

*Athbhreithniú ar an Scéim, etc.*

Athbhreithniú ar an Scéim.

**41**.—(1) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, a chur faoi deara go seolfar—

(*a*) athbhreithniú achtúireach nó athbhreithniú agus athluacháil achtúireach ar an Scéim nó ar aon chuid di, nó

(*b*) aon athbhreithniú eile ar an Scéim, nó ar aon chuid di.

(2) Maidir le hathbhreithniú achtúireach nó athbhreithniú agus athluacháil achtúireach lena mbaineann *fo-alt (1)(a)*, is é nó is í a dhéanfaidh é duine—

(*a*) a bheidh cáilithe chun seirbhísí achtúireachta a sholáthar agus is ánra de Chumann na nAchtúirí in Éirinn nó d'aon chomhlacht comharbais,

(*b*) a bheidh cáilithe chun seirbhísí achtúireachta a sholáthar i mBallstát eile den Aontas Eorpach, agus a mbeidh a cháilíocht nó a cáilíocht ag freagairt do cháilíocht duine lena mbaineann *mír (a)*, nó

(*c*) a bheidh cáilithe chun seirbhísí achtúireachta a sholáthar i stát eile agus a bheidh i dteideal a bheith ina ánra nó ina hánra den Chumann sin nó d'aon chomhlacht coibhéiseach nó comharbais de bhua aon chomhaontuithe aitheantais fhrithpháirtigh de chuid an Chumainn sin nó de chuid aon chumainn comharbais, faoi seach.

(3) Aon duine a bheidh ag seoladh athbhreithniú achtúireach nó athbhreithniú agus athluacháil achtúireach lena mbaineann an t-alt seo beidh sé nó sí neamhspleách ag feidhmiú na feidhme sin dó nó di.

(4) Faoi réir *fho-alt (2)*, in aon athbhreithniú nó athbhreithniú achtúireach nó in aon athbhreithniú agus athluacháil achtúireach

chun críocha *fho-alt (1)*, tabharfar aird ar cibé nithe agus ar cibé líon nithe díobh seo a leanas is cuí leis an Aire:

(*a*) costas foriomlán na Scéime agus na ranníocaí arna n-íoc ag na comhaltaí den Scéim agus an ranníoc arna dhéanamh ag an Stát i leith na gcomhaltaí den Scéim;

(*b*) an costas a ghabhann le comhaltas daoine lena mbaineann *alt 20* agus na ranníocaí arna n-íoc ag na daoine sin agus an ranníoc arna dhéanamh ag an Stát i leith na ndaoine sin;

(*c*) an costas a ghabhann le comhaltas daoine nó aon aicme daoine lena mbaineann *alt 19*, *21*, *22*, *23*, *24*, *25*, *26*, *27*, *28* nó *29* agus na ranníocaí arna n-íoc ag na daoine sin nó ag an aicme sin daoine agus an ranníoc arna dhéanamh ag an Stát i leith na ndaoine sin nó na haicme sin daoine;

(*d*) an costas a ghabhann le comhaltas daoine nó aon aicme daoine a ndéantar—

(i) cnapshuim a íoc faoi *alt 30* ina leith, nó

(ii) sochair a íoc faoi *alt 33* nó *39* ina leith,

agus na ranníocaí arna n-íoc ag na daoine sin nó ag an aicme sin daoine agus an ranníoc arna dhéanamh ag an Stát i leith na ndaoine sin nó na haicme sin daoine;

(*e*) aon asbhaintí reachtúla;

(*f*) aon ní eile is dóigh leis an Aire a bheith iomchuí sna himthosca,

agus, dá réir sin, féadfaidh gur i leith gach comhalta den Scéim, nó i leith na ndaoine, nó aon aicme daoine, lena mbaineann *mír (b)*, *(c)*, *(d)*, *(e)*, nó *(f)*, de réir mar a bheidh, a dhéanfar athbhreithniú nó athbhreithniú achtúireach nó athbhreithniú agus athluacháil achtúireach, de réir mar a ordóidh an tAire.

Athrú ar rátaí ranníoca.

**42**.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, más rud é, tar éis breithniú a dhéanamh ar athbhreithniú agus athluacháil achtúireach ar an Scéim, nó ar an gcuid di a bhfuil athbhreithniú, nó athbhreithniú agus athluacháil, déanta uirthi faoi *alt 41*, gurb é tuairim an Aire gur cheart méid na ranníocaí arna n-íoc ag an Stát i leith na fostaíochta lena mbaineann, ag comhaltaí den Scéim i gcoitinne, nó ag na daoine, nó ag aon aicme daoine, lena mbaineann *mír (b)*, *(c)*, *(d)*, *(e)* nó *(f) d'alt 41(4)* a athmheas, ansin féadfaidh an tAire, le hordú, an ráta ranníoca ag na comhaltaí lena mbaineann den Scéim a athmheas, faoi réir na nithe seo a leanas—

(*a*) i gcás go mbeadh ráta arna chinneadh ar bhonn an athbhreithnithe achtúirigh agus na hathluachála achtúirí níos airde ná an ráta dá bhforáiltear sa Chaibidil seo nó le hordú faoin bhfo-alt seo, de réir mar a bheidh, ní bheidh an ráta athmheasta níos airde ná ráta arna chinneadh amhlaidh ná níos ísle ná an ráta marthanach, agus

(*b*) i gcás go mbeadh ráta arna chinneadh ar bhonn an athbhreithnithe achtúirigh agus na hathluachála achtúirí

níos ísle ná an ráta dá bhforáiltear sa Chaibidil seo nó le hordú faoin bhfo-alt seo, de réir mar a bheidh, ní bheidh an ráta athmheasta níos airde ná an ráta marthanach ná níos ísle ná ráta arna chinneadh amhlaidh.

(2) I gcás go mbeadh ráta arna chinneadh ar bhonn an athbhreithnithe achtúirigh agus na hathluachála achtúirí níos ísle ná an ráta iomchuí dá bhforáiltear sa Chaibidil seo nó le hordú faoin alt seo, de réir mar a bheidh, ansin féadfaidh ordú faoi *fho-alt (1)* éifeacht chúlghabhálach a bheith leis ach ní bheidh éifeacht chúlghabhálach leis siar go dtí aon dáta níos luaithe ná—

(*a*) aon dáta dá ngairtear an dáta éifeachtach san athbhreithniú agus athluacháil achtúireach chun críocha na hathluachála, nó

(*b*) d'éagmais an dáta éifeachtach a ghairm amhlaidh d'aon dáta den sórt sin, an dáta a críochnaíodh an t-athbhreithniú agus athluacháil achtúireach agus a cuireadh chun an Aire iad.

(3) Ní ceadmhach ordú faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh ach amháin más rud é—

(*a*) go mbeidh dréacht den ordú leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus

(*b*) go mbeidh an dréacht ceadaithe le rún arna rith ag gach Teach acu sin.

*Forálacha eile*

Dualgas an údaráis iomchuí taifid a choimeád, ranníocaí a ríomh, etc.

**43**.—(1) Déanfaidh an t-údarás iomchuí atá freagrach as luach saothair inphinsin a íoc, nó a údaraíonn é a íoc, le comhalta den Scéim cuntas iomlán cuí a choimeád ar na nithe seo a leanas—

(*a*) na ranníocaí a bheidh íoctha ag an gcomhalta lena mbaineann den Scéim i ngach tréimhse pá, agus

(*b*) na méideanna is inchurtha a bheidh fabhraithe ag an gcomhalta den Scéim i ngach tréimhse pá.

(2) A luaithe is indéanta tar éis deireadh bliana measúnachta chun críocha cánach ioncaim (dá ngairtear "bliain chánach" san alt seo) ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh na bliana cánach sin, déanfaidh an t-údarás iomchuí atá freagrach as luach saothair inphinsin a íoc, nó a údaraíonn é a íoc, le comhalta den Scéim, ráiteas a sholáthar do gach comhalta lena mbaineann den Scéim ina leagfar amach—

(*a*) méid iomlán na ranníocaí a bheidh íoctha ag an gcomhalta lena mbaineann den Scéim sa bhliain chánach sin,

(*b*) iomlán na méideanna is inchurtha a bheidh fabhraithe chun an chomhalta den Scéim sa bhliain chánach sin, agus

(*c*) iomlán na méideanna is inchurtha a bheidh fabhraithe chun an chomhalta den Scéim i mblianta cánach roimhe sin (lena n-áirítear aon tréimhsí i bhfostaíochtaí roimhe sin ar chomhalta den Scéim é nó í ina leith) arna gcoigeartú de réir *alt 40*.

(3) D'ainneoin *fho-alt (2)*, i gcás go scoirfidh comhalta den Scéim de bheith fostaithe i gcomhlacht seirbhíse poiblí roimh dheireadh bliana cánach, ansin, a luaithe is indéanta tar éis an lá deiridh a mbeidh an comhalta fostaithe amhlaidh, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an lae sin, déanfaidh an duine atá freagrach as luach saothair a íoc, nó a údaraíonn é a íoc, le comhalta den Scéim, ráiteas a sholáthar don chomhalta den Scéim agus, más iomchuí, d'údarás iomchuí an chomhalta den Scéim an tráth sin, ina leagfar amach—

(*a*) méid iomlán na ranníocaí a bheidh íoctha ag an gcomhalta den Scéim sa bhliain chánach sin i leith na tréimhse a raibh sé nó sí fostaithe amhlaidh lena linn,

(*b*) iomlán na méideanna is inchurtha a bheidh fabhraithe chun an chomhalta den Scéim sa bhliain chánach sin i leith na tréimhse a raibh sé nó sí fostaithe amhlaidh lena linn, agus

(*c*) iomlán na méideanna is inchurtha a bheidh fabhraithe chun an chomhalta den Scéim i mblianta cánach roimhe sin (lena n-áirítear aon tréimhsí i bhfostaíochtaí roimhe sin ar chomhalta den Scéim é no í ina leith) arna gcoigeartú de réir *alt 40*.

(4) Maidir le mainneachtain ag údarás iomchuí ráiteas a sholáthar de réir *fho-alt (2)* nó *(3)*, is foras gearáin nó díospóide í a bhféadfaidh an tOmbudsman Pinsean imscrúdú agus cinneadh a dhéanamh ina leith faoi alt 131 d'Acht na bPinsean, 1990 agus beidh feidhm ag na forálacha eile de Chuid XI den Acht sin a bhaineann le gearán nó díospóid.

Íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste, etc.

**44**.—(1) Na híocaíochtaí go léir faoin gCaibidil seo i leith seirbhís ag comhaltaí den Scéim agus comhaltaí éagtha den Scéim, is íocaíochtaí a bheidh fabhraithe faoin Scéim—

(*a*) maidir le haon chomhalta den Scéim lena mbaineann *alt 20*, *21*, *22* nó *23*, íocfaidh an tAire iad, nó íocfar iad thar ceann an Aire, as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an chiste sin, agus

(*b*) in aon chás eile, íocfar iad as cistí arna soláthar ag an Oireachtas chun na críche sin.

(2) Féadfar go mbeidh ar áireamh in íocaíochtaí arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* méideanna airgid arb ionannas dóibh méideanna is inchurtha agus a fhéadfar a aistriú chuig comhlachtaí a shonraítear in *alt 18(a)*.

Sochair scoir, etc., ró-íoctha, a aisíoc.

**45**.—(1) Má fhaigheann duine, aon tráth—

(*a*) sochair scoir, nó sochair eile faoin Scéim, nach bhfuil an duine ina dteideal faoin gCaibidil seo, nó

(*b*) méid i leith sochair scoir, nó sochar eile faoin Scéim, ar mó é ná an méid a bhfuil an duine sin ina theideal faoin gCaibidil seo,

ansin, déanfaidh an duine nó, i gcás go bhfuair sé nó sí bás, déanfaidh ionadaí pearsanta dlíthiúil an duine cibé íocaíochtaí nó íocaíochtaí

breise, de réir mar is cuí, a aisíoc leis an údarás iomchuí lena mbaineann.

(2) Féadfaidh aisíocaíochtaí chun críocha *fho-alt (1)* a bheith i bhfoirm, lena n-áirítear laghdú ar aon sochair is iníoctha faoin Scéim an tráth sin, nó a bheith de réir sceideal íocaíochta, a chomhaontófar idir na páirtithe lena mbaineann le toiliú an Aire.

(3) Má mhainnítear aon aisíocaíocht a dhéanamh de réir an ailt seo, féadfaidh an t-údarás iomchuí lena mbaineann méid iomlán na híocaíochta breise atá gan íoc a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

Luach saothair inphinsin agus fostaíocht chomhuaineach i níos mó ná post amháin, etc.

**46**.—(1) Má tá luach saothair inphinsin á thuilleamh i leith fostaíocht chomhuaineach ag duine mar sheirbhíseach poiblí i gcomhlacht seirbhíse poiblí amháin nó níos mó, ansin ní chuirfear i gcuntas luach saothair inphinsin an tseirbhísigh phoiblí ach i leith aon fhostaíocht lánaimseartha amháin nó i leith coibhéis chomhiomlánaithe aon fhostaíochta lánaimseartha amháin, chun na méideanna is inchurtha a ríomh, ar méideanna iad dá bhforáiltear sna hailt faoi shochair a ríomh.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i gcás go sealbhaíonn duine níos mó ná oifig nó fostaíocht amháin lena mbaineann *ailt 21* agus *24* agus, chun críocha fheidhm *fho-alt (1)*, déileálfar leis na hoifigí agus na fostaíochtaí lena mbaineann an fo-alt seo amhail is dá mba aon oifig nó aon fhostaíocht amháin iad.

CAIBIDIL 3

*Scéimeanna Pinsean Seirbhíse Poiblí atá ann cheana*

*Alt 40* a leathnú chuig scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

**47**.—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, feidhm *alt 40* a leathnú—

(*a*) chuig scéim nó scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, nó

(*b*) i gcoitinne chuig gach scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

(2) Ní ceadmhach ordú faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh ach amháin más rud é—

(*a*) go mbeidh dréacht den ordú leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus

(*b*) go mbeidh an dréacht ceadaithe le rún arna rith ag gach Teach acu sin.

Feidhm na Scéime maidir le daoine áirithe.

**48**.—(1) Féadfaidh an tAire, más cuí leis an Aire é sna himthosca, dá rogha féin, le hordú, dáta nó dátaí a shocrú ar dá éis nó dá n-éis nach mbeidh feidhm ag forálacha ceachtar ní nó an dá ní díobh seo a leanas—

(*a*) *fo-ailt (3)(b)*, *(4)* agus *(5) d'alt 10*, agus

(*b*) fo-ailt (3), (4) agus (5) d'alt 2 den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004,

ag féachaint—

(i) do scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana do scor go hordúil i gcoitinne nó i leith aon aicme nó aicmí daoine, nó

(ii) d'fhoráil a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht i dtaca leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne nó aon chuid di a bhainistiú agus a riaradh.

(2) I gcás go ndéanfar ordú, faoi *fho-alt (1)*, a bhaineann le duine, ansin ní léifear aon ní san alt seo ar shlí a dhéanfadh dochar d'aon teidlíochtaí de chuid an duine sin a d'fhabhraigh chuige sula ndearnadh an t-ordú.

Caibidil 4

*Forálacha is Infheidhme maidir le gach Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí*

Dualgas faisnéis, etc., a thabhairt.

**49**.—(1) Aon duine a dhéanann iarratas ar phinsean nó atá ag fáil pinsean faoin Scéim nó a dhéanann iarratas ar phinsean nó atá ag fáil pinsean faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, déanfaidh sé nó sí, i ndáil leis an duine féin, cibé faisnéis is gá chun an Scéim, nó scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, de réir mar a bheidh, a oibriú go cuí, a thabhairt don údarás iomchuí nó don chomhlacht eile lena mbaineann (arb éard é an t-údarás nó an comhlacht atá nó a bheadh freagrach as pinsean a íoc leis an duine, nó a údaraíonn nó a d'údaródh é a íoc).

(2) Maidir le céile nó páirtnéir sibhialta comhalta éagtha, nó comhalta éagtha de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, de réir mar a bheidh, a dhéanann nó a rinne iarratas ar phinsean marthanóra, nó ar phinsean le haghaidh leanaí an chomhalta éagtha sin, déanfaidh sé nó sí, i ndáil leis an duine féin nó le haon leanbh de na leanaí sin, cibé faisnéis is gá chun an Scéim, nó scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, de réir mar a bheidh, a oibriú go cuí, a thabhairt don údarás iomchuí nó don chomhlacht eile lena mbaineann (arb éard é an t-údarás nó an comhlacht atá nó a bheadh freagrach as pinsean marthanóra nó pinsean le haghaidh leanaí an chomhalta éagtha sin a íoc, nó a údaraíonn nó a d'údaródh é a íoc).

(3) Aon duine a bhfuil leanbh comhalta éagtha, nó leanbh comhalta éagtha de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, de réir mar a bheidh, faoina chúram nó faoina cúram agus a dhéanann nó a rinne iarratas ar phinsean leanaí i leith an linbh sin, déanfaidh sé nó sí cibé faisnéis is gá chun an Scéim nó scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, de réir mar a bheidh, a oibriú go cuí i ndáil leis an leanbh sin, a thabhairt don údarás iomchuí nó don chomhlacht eile lena mbaineann (arb éard é an t-údarás nó an comhlacht atá nó a bheadh freagrach as pinsean a íoc i leith an linbh sin, nó a údaraíonn nó a d'údaródh é a íoc).

(4) Tabharfaidh ionadaí pearsanta dlíthiúil comhalta éagtha nó comhalta éagtha de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, de réir mar a bheidh, d'údarás iomchuí cibé faisnéis is gá chun an Scéim, nó scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, a oibriú go cuí i ndáil le haon híocaíochtaí fúithi leis an ionadaí pearsanta dlíthiúil.

(5) Aon duine nach mbaineann *fo-ailt (1)* go *(4)* leis nó léi, agus—

(*a*) a dhéanann iarratas ar phinsean faoin Scéim, nó faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, tabharfaidh sé nó sí d'údarás iomchuí nó do chomhlacht eile lena mbaineann (arb éard é an t-údarás nó an comhlacht a bheadh freagrach as an bpinsean lena mbaineann a íoc nó a d'údaródh é a íoc) cibé faisnéis is gá chun go ndéanfaidh an t-údarás iomchuí an Scéim nó an scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, a oibriú go cuí, nó

(*b*) atá ag fáil pinsin (cibé acu ina leith féin nó ar shlí eile) faoin Scéim, nó faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, tabharfaidh sé nó sí d'údarás iomchuí nó do chomhlacht eile lena mbaineann (arb éard é an t-údarás nó an comhlacht atá freagrach as an bpinsean lena mbaineann a íoc nó a údaraíonn é a íoc) cibé faisnéis is gá chun an Scéim, nó an scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, a oibriú go cuí maidir leis an bpinsean lena mbaineann.

(6) Aon duine—

(*a*) a dhéanann iarratas ar níos mó ná pinsean amháin nó atá ag fáil níos mó ná pinsean amháin faoin Scéim nó faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, nó fúthu araon (cibé acu ina leith féin nó i leith duine eile), nó

(*b*) a dhéanann iarratas ar phinsean amháin nó níos mó den sórt sin le linn dó nó di pinsean amháin nó níos mó den sórt sin a fháil,

tabharfaidh sé nó sí don údarás iomchuí nó don chomhlacht eile lena mbaineann (arb é an t-údarás nó an comhlacht atá nó a bheadh freagrach as aon cheann de na pinsin lena mbaineann a íoc, nó a údaraíonn nó a d'údaródh aon cheann acu a íoc) cibé faisnéis is gá chun na pinsin sin go léir agus na hiarratais sin go léir ar phinsin a shainaithint i ndáil leis nó léi nó le haon duine eile ar ina leith atá an pinsean iníoctha nó a ndearnadh iarratas air.

(7) Aon údarás iomchuí atá freagrach as luach saothair inphinsin a íoc, nó a údaraíonn é a íoc, le comhalta den Scéim, nó le comhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, tabharfaidh sé nó sí don Aire nó d'údarás iomchuí eile cibé faisnéis—

(*a*) a mheasfaidh an t-údarás iomchuí sin is gá chun *Cuid 2* nó chun an scéim lena mbaineann, arb éard í an scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, a oibriú go cuí,

(*b*) a iarrfaidh an tAire, nó

(*c*) a iarrfaidh aon údarás iomchuí eile chun *Cuid 2* nó chun an scéim lena mbaineann, arb éard í an scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, a oibriú go cuí,

i leith aon ní lena mbaineann *fo-alt (1)*, *(2)*, *(3)*, *(4)*, *(5)* nó *(6)*.

An Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a úsáid.

**50**.—(1) Maidir leis an tsraith chéannachta, ar a dtugtar an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP), de chuid comhalta den Scéim agus de chuid comhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana agus de chuid aon duine eile atá ag fáil pinsean marthanóra

nó pinsean leanaí faoin Scéim nó pinsean den tsamhail sin nó pinsean comhréire faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana—

(*a*) déanfaidh an comhalta nó an duine eile sin an tsraith sin a sholáthar don údarás iomchuí nó don chomhlacht eile lena mbaineann (arb é an t-údarás nó an comhlacht atá freagrach as an bpinsean nó aon chnapshuim a bhaineann leis an teidlíocht pinsin sin a íoc leis an duine nó a údaraíonn é nó í a íoc), agus

(*b*) féadfaidh an t-údarás iomchuí sin nó an comhlacht eile sin an tsraith sin a úsáid mar aitheantóir uathúil—

(i) chun mionsonraí a thaifeadadh maidir leis na ranníocaí pinsin, na méideanna is inchurtha agus na sochair eile faoin Scéim nó faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, agus

(ii) chun an fhaisnéis sin a aistriú chuig údarás nó comhlacht iomchuí eile, nó a mhalartú leis, is údarás nó comhlacht atá freagrach as an bpinsean, nó aon chuid de, a íoc nó a údaraíonn an pinsean, nó aon chuid de, a íoc mar a cheanglaítear faoin gCuid seo,

agus i gcás gur aistríodh nó gur malartaíodh faisnéis amhlaidh, measfar gur soláthraíodh an uimhir sin, más cuí, de réir *mhír (a)*.

(2) I *bhfo-alt (1)*, folaíonn "Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)" aon sraith chéannachta eile atá uathúil i leith an duine lena mbaineann agus a bhféadfar í a chur in ionad chóras na hUimhreach Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) i gcoitinne.

Dualgas dearbhuithe a dhéanamh, etc.

**51**.—(1) Aon duine—

(*a*) a théann i mbun fostaíochta i gcomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(*b*) a bhfuil—

(i) teideal aige nó aici chun aon phinsin chaomhnaithe nó chun aon chnapshuime caomhnaithe nó chun aon sochair scoir eile, nó

(ii) sochair scoir faighte aige nó aici nó arna bhfáil aige nó aici,

faoin Scéim nó faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana agus ar comhalta nó ar chomhalta di é nó í,

déanfaidh sé nó sí dearbhú sa chéill sin a sholáthar don údarás iomchuí.

(2) Aon duine a dhéanfaidh iarratas ar shochar ón Scéim nó ó scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, déanfaidh sé nó sí dearbhú don údarás iomchuí lena mbaineann i dtaobh aon phinsean caomhnaithe nó aon chnapshuim chaomhnaithe nó aon sochar scoir eile ó aon scéim pinsean seirbhíse poiblí eile atá á bhfáil aige nó aici nó a bhfuil teideal aige nó aici chucu.

(3) Aon duine a bhfuil feidhm ag *alt 52* maidir leis nó léi, déanfaidh sé nó sí, ar iarratas a dhéanamh ar phinsean seirbhíse

poiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí, dearbhú don údarás iomchuí lena mbaineann, i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí ag fáil aon luach saothair ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí agus soláthróidh sé nó sí aon fhaisnéis iomchuí a theastóidh ón údarás iomchuí chun críocha an ailt sin.

Seirbhís inphinsin a laghdú agus a áireamh.

**52**.—(1) Más rud é—

(*a*) go bhfuil pinsean iníoctha go cuí ag comhlacht seirbhíse poiblí le duine i leith a sheirbhís nó a seirbhís mar sheirbhíseach poiblí (dá ngairtear an "pinsinéir" san alt seo), agus

(*b*) go gceaptar an pinsinéir chuig post a n-íocann comhlacht seirbhíse poiblí luach saothair ina leith,

ansin, maidir le haon tréimhse shonraithe ina mbeifear ag fáil an luacha saothair lena mbaineann *mír (b)*, ní íocfar méid den phinsean is mó ná cibé méid atá ar cóimhéid, i dteannta an luacha saothair sin, leis an luach saothair inphinsin a gheobhadh an pinsinéir i leith na tréimhse sin, dá mba rud é, i gcaitheamh na tréimhse sin—

(i) go raibh sé nó sí i seilbh na hoifige, an phoist nó na fostaíochta inar fhóin sé nó sí an lá deiridh dá sheirbhís nó dá seirbhís, ach

(ii) go raibh luach saothair á fháil aige nó aici—

(I) de réir an ráta luacha saothair inphinsin don oifig sin, don phost sin nó don fhostaíocht sin an lá sin, nó

(II) de réir an ráta luacha saothair inphinsin sin arna leasú chun go gcuirfear i gcuntas cibé méid d'aon athrú a rinneadh ar an ráta sin ón ráta reatha don oifig sin, don phost sin nó don fhostaíocht sin, ón lá sin, a shonróidh an tAire.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*—

folaíonn "ráta reatha don oifig sin", i gcás gur scoir an oifig, an post nó an fhostaíocht sin de bheith ann, an ráta arbh é an ráta reatha é don oifig, don phost nó don fhostaíocht sin murar scoir an céanna de bheith ann;

ciallaíonn "luach saothair inphinsin", i ndáil le comhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, luach saothair atá ar comhréir le luach saothair inphinsin iarchomhalta den Scéim;

ciallaíonn "tréimhse shonraithe" sonraithe ag an Aire, agus féadfar í a bheith sonraithe faoi threoir tréimhse ama nó tarlú teagmhais.

(3) Is é nó is í an tAire a chinnfidh aon amhras, ceist nó díospóid a eascróidh faoin alt seo agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh an Aire ar an gcéanna.

(4) Féadfaidh an tAire, dá rogha féin, feidhm *fho-alt (1)* a tharscaoileadh in aon chás áirithe, lena n-áirítear cás a bhaineann le haicme duine nó aicme daoine, más deimhin leis an Aire—

(*a*) go bhfuil gá le daoine ag a bhfuil oiliúint agus taithí áirithe le haghaidh obair áirithe sa chomhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann,

(*b*) go bhfuil an oiliúint agus an taithí sin ag an bpinsinéir, gur chun na hoibre sin atá sé nó sí á fhostú nó á fostú agus go bhfuil sé nó sí oiriúnach thairis sin ar gach slí lena fhostú nó lena fostú, agus

(*c*) nach indéanta freastal ar an ngá sin ar shlí seachas tríd an bpinsinéir a fhostú.

(5) Ní dhéanann aon ní in *alt 3* nó i *bhfo-alt (4)* difear d'aon rogha a fheidhmeoidh an tAire faoi alt 1(2) d'Acht na bPinsean (Laghdú), 1965 maidir le duine i gcás go leanann an duine den phost lena mbaineann an rogha a shealbhú.

(6) Más rud é go bhfuil nó go raibh luach saothair inphinsin á thuilleamh ag duine faoi níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin, ar scéim í nó ar scéimeanna iad atá ann cheana, i leith duine a bheith fostaithe mar sheirbhíseach poiblí i níos mó ná comhlacht seirbhíse poiblí amháin, ansin, faoi réir *fho-alt (7)*, ní ceadmhach níos mó ná coibhéis 40 bliain seirbhíse san iomlán a chur i gcuntas le linn aon phinsin nó cnapshuimeanna is iníoctha faoin scéim sin, nó faoi na scéimeanna sin, a ríomh.

(7) Más rud é, sula ritear an tAcht seo—

(*a*) go bhfuil duine i dteideal go n-áireofaí níos mó ná coibhéis chomhiomlán 40 bliain seirbhíse faoi scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana le linn comhiomlán aon phinsin nó aon chnapshuimeanna is iníoctha faoi na scéimeanna sin a ríomh, agus

(*b*) go bhfuil níos mó ná coibhéis 40 bliain seirbhíse fabhraithe ag duine,

ansin ní dhéanfaidh aon ní i *bhfo-alt (6)* difear don teidlíocht sin, agus beidh feidhm ag an bhfo-alt sin maidir leis nó léi, amhail is dá mba thagairt don tseirbhís lena mbaineann *mír (b)* an tagairt do choibhéis 40 bliain seirbhíse.

(8) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'fhorálacha Acht an Oireachtais (Liúntaisí do Chomhaltaí), 1938, go háirithe i leith aon duine lena mbaineann fo-alt (2) d'alt 4 agus fo-alt (2) d'alt 16, nó an dá fho-alt sin araon, den Acht sin (arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 2009) agus beidh feidhm ag na fo-ailt sin maidir le comhaltaí den Scéim lena mbaineann Acht an Oireachtais (Liúntaisí do Chomhaltaí), 1938.

Scor nó laghdú sochar.

**53**.—(1) Más rud é, maidir le comhalta den Scéim nó comhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana—

(*a*) go ndéantar é nó í a dhífhostú, a chur ar scor nó a urscaoileadh, nó go n-éiríonn sé nó sí as nó go dtéann sé nó sí ar scor, de dhroim mí-iompar ar fionnadh ina thaobh gur thabhaigh an comhlacht seirbhíse poiblí nó an Stát caillteanas airgid, nó

(*b*) go scoireann sé nó sí ar shlí eile de bheith i seilbh fostaíochta—

(i) de dhroim mí-iompair ar fionnadh ina thaobh gur thabhaigh an comhlacht seirbhíse poiblí nó an Stát caillteanas airgid, nó

(ii) in oirchill fionnachtana den sórt sin a dhéantar dá éis sin,

ansin féadfaidh an t-údarás iomchuí, d'fhonn an caillteanas a shlánú mar aon le hús iolraithe de réir ráta a chinnfidh an tAire ó am go ham chun luach an chaillteanais a shlánú, aon bheart a leagtar amach i *bhfo-alt (2)* a dhéanamh.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, féadfaidh an t-údarás iomchuí—

(*a*) i gcás go ndéanfaí, murach an t-alt seo, ranníocaí a thabhairt ar ais—

(i) do chomhalta den Scéim faoi *alt 17*, nó

(ii) do chomhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana,

méid na ranníocaí sin is intugtha ar ais a laghdú nó gan iad a thabhairt ar ais,

(*b*) in aon chás eile (lena n-áirítear cás lena mbaineann forálacha maidir le bás sa tseirbhís nó dul ar scor ar fhorais liachta), aon phinsean caomhnaithe, aon chnapshuim chaomhnaithe nó aon sochar eile a d'fhéadfadh a bheith iníoctha go cuí thairis sin a dhiúltú nó a laghdú, le héifeacht ar an agus ón dáta a scoireann an duine d'fhostaíocht a shealbhú.

(3) I gcás go mbeidh pinsean á íoc le duine faoin gCuid seo nó faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana i leith a sheirbhís nó a seirbhís i gcomhlacht seirbhíse poiblí amháin nó níos mó agus go gciontóidh aon chúirt an duine sin i gcion arb é an toradh ar dhéanamh an chiona go dtabhaíonn comhlacht seirbhíse poiblí nó an Stát caillteanas airgead, ansin féadfaidh an tAire nó aon údarás iomchuí eile lena mbaineann pinsean arna dhámhachtain faoin gCuid seo a laghdú, nó scor dá íoc, d'fhonn an caillteanas sin a shlánú, mar aon le hús iolraithe de réir ráta a chinnfidh an tAire ó am go ham chun luach an chaillteanais a shlánú.

(4) Déanfar ús lena mbaineann an t-alt seo a mhuirearú i leith na tréimhse idir an dáta a tabhaíodh an caillteanas agus dáta na híocaíochta deiridh.

Teideal marthanóra chun pinsin.

**54**.—(1) I gcás go mbeadh duine, murach an fo-alt seo, incháilithe chun na nithe seo a leanas a fháil—

(*a*) níos mó ná pinsean marthanóra amháin lena mbaineann *alt 33*, nó

(*b*) níos mó ná pinsean marthanóra amháin (cibé ainm a thugtar air) arna íoc faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, nó

(*c*) pinsean amháin nó níos mó lena mbaineann *mír (a)* agus pinsean amháin nó níos mó lena mbaineann *mír (b)*,

ansin, faoi réir *fho-alt (2)*, ní bheidh an duine sin incháilithe ach chun ceann amháin de na pinsin sin a fháil.

(2) Más rud é go raibh—

(*a*) comhalta éagtha,

(*b*) comhalta éagtha d'aon scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, nó

(*c*) duine éagtha lena mbaineann *míreanna (a)* agus *(b)* araon,

ag fáil níos mó na pinsean amháin go cuí, nó incháilithe chun an céanna a fháil, i leith a sheirbhís phoiblí nó a seirbhís phoiblí, ansin beidh an duine atá incháilithe chun pinsean marthanóra lena mbaineann *fo-alt (1)* a fháil i leith na seirbhíse sin incháilithe chun gach pinsean den sórt sin a bhaineann le seirbhís phoiblí aon chomhalta éagtha amháin den sórt sin a fháil.

Caibidil 5

*Leasuithe Iarmhartacha (Cuid 2)*

Leasú ar an Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004.

**55**.—Leasaítear an tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004—

(*a*) in alt 3, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Aon duine is iontrálaí nua sa tseirbhís phoiblí, ní bheidh d'oibleagáid air nó uirthi dul ar scor ar fhorais aoise, mura rud é—

(*a*) go bhforáiltear dá mhalairt leis an Acht seo, nó

(*b*) gur comhalta é nó í den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair seachas comhalta den Scéim sin arb é nó í an tUachtarán, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó sealbhóir oifige cáilithí chun críocha an *Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012*.",

agus

(*b*) in alt 5, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Beidh éifeacht leis na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963—

(*a*) le héifeacht ón 16 Feabhra 1988, maidir leis an aicme oifigeach is gobharnóirí príosúin, agus

(*b*) le héifeacht ón 1 Márta 2012, maidir leis an aicme oifigeach atá ceaptha ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais chuig post an Ghobharnóra Campas Príosúin,

faoi réir an *Superannuation (Prison Officers) Act*, 1919 amhail is dá ndéanfaí gach aicme oifigeach lena mbaineann a fhorordú faoi alt 1(1) (arna oiriúnú leis an *Superannuation (Prison Officers) Act*, 1919, Ordú Oiriúnaithe, 1933 (R. & O.R Uimh. 71 de 1933)) den *Superannuation (Prison Officers) Act*, 1919 agus chun críocha an ailt sin."

Leasú ar alt 14 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

**56**.—Leasaítear alt 14 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(5) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (4) maidir le fostaithe ar comhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair iad.".

Leasú ar alt 41 den Acht Oideachais (Leas), 2000.

**57**.—Leasaítear alt 41 den Acht Oideachais (Leas), 2000—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

"(6) Faoi réir alt 41A, ní dhéanfaidh an Bord aon sochar aoisliúntais a dheonú d'aon chomhaltaí foirne dá chuid (lena n-áirítear an Príomh-Fheidhmeannach) ar comhaltaí de scéim faoin alt seo iad, ná ní dhéanfar aon socrú eile chun aon sochar aoisliúntais a sholáthar do dhaoine den sórt sin ar scor dóibh de bheith i seilbh oifige, seachas de réir cibé scéim nó scéimeanna a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo.",

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

"(8) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (1) go (7) maidir le haon chomhaltaí foirne de chuid an Bhoird (lena n-áirítear an Príomh-Fheidhmeannach) ar comhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair iad ná ní dheonóidh an Bord aon sochar aoisliúntais do chomhaltaí foirne den sórt sin seachas de réir na Scéime sin.".

Leasú ar ailt 105 agus 106 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

**58**.—Leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000—

(*a*) in alt 105 (arna leasú leis an Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*) d'fho-alt 13:

"(*b*) Scarfaidh an cathaoirleach le hoifig an chathaoirligh ar 65 bliana d'aois a shlánú ach i gcás gur duine díobh seo a leanas an cathaoirleach—

(i) iontrálaí nua (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) a ceapadh an 1 Aibreán 2004 nó dá éis, nó

(ii) comhalta den Scéim (de réir bhrí an *Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012*),

ansin ní bheidh feidhm ag an gceangal faoin bhfo-alt seo scaradh le hoifig ar fhorais aoise.”,

agus

(*b*) in alt 106 (arna leasú amhlaidh), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*) d’fho-alt (13):

“(*b*) Scarfaidh duine le hoifig gnáthchomhalta ar 65 bliana d’aois a shlánú ach i gcás gur duine díobh seo a leanas an gnáthchomhalta—

(i) iontrálaí nua (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) a ceapadh an 1 Aibreán 2004 nó dá éis, nó

(ii) comhalta den Scéim (de réir bhrí an *Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012*),

ansin ní bheidh feidhm ag an gceanglas faoin bhfo-alt seo scaradh le hoifig ar fhorais aoise.”.

Leasú ar ailt 21 agus 24 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

**59**.—Leasaítear an tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (arna leasú leis an Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004—

(*a*) in alt 21, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír *(b)* d’fho-alt (14):

“(*b*) Scarfaidh an tArd-Stiúrthóir le hoifig an Ard-Stiúrthóra ar 65 bliana d’aois a shlánú ach i gcás gur duine díobh seo a leanas an tArd-Stiúrthóir—

(i) iontrálaí nua (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) a ceapadh an 1 Aibreán, 2004, nó dá éis, nó

(ii) comhalta den Scéim (de réir bhrí *an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012*),

ansin ní bheidh feidhm ag an gceanglas faoin bhfo-alt seo scaradh le hoifig ar fhorais aoise.”,

agus

(*b*) in alt 24 (arna leasú amhlaidh), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*) d’fho-alt (10):

“(*b*) Scarfaidh stiúrthóir lena oifig mar stiúrthóir ar 65 bliana d’aois a shlánú, ach i gcás gur duine díobh seo a leanas an stiúrthóir—

(i) iontrálaí nua (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) a ceapadh an 1 Aibreán, 2004, nó dá éis, nó

(ii) comhalta den Scéim (de réir bhrí an *Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012*),

ansin ní bheidh feidhm ag an gceangal faoin bhfo-alt seo scaradh le hoifig ar fhorais aoise.”.

Leasú ar alt 13 den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992.

**60**.—Leasaítear alt 13 den Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3)(*c*)(iii) (a cuireadh isteach leis an Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006):

“(iii) ní dhéanfar í a áireamh mar thuarastal nó mar dhíolaíocht chun críocha Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais nó chun críocha na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, de réir mar a bheidh.”.

Leasú ar alt 2 den Acht Ombudsman, 1980.

**61**.—Leasaítear alt 2 den Acht Ombudsman, 1980 (arna leasú leis an Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004)—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*) d’fho-alt (3):

“(*c*) scarfaidh sé le hoifig ar chaoi ar bith ar 67 mbliana d’aois a shlánú ach amháin i gcás gur duine díobh seo a leanas an duine—

(i) iontrálaí nua (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) a ceapadh an 1 Aibreán 2004 nó dá éis, nó

(ii) comhalta den Scéim (de réir bhrí an *Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012*),

agus, sa chás sin, ní bheidh feidhm ag an gceangal faoin bhfo-alt seo scaradh le hoifig ar fhorais aoise.”,

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Ní bheidh duine os cionn 61 bhliain d’aois nuair a cheapfar an duine den chéad uair chun oifig an Ombudsman ach i gcás gur duine díobh seo a leanas an duine—

(*a*) iontrálaí nua (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) a ceapadh an 1 Aibreán 2004 nó dá éis, nó

(*b*) comhalta den Scéim (de réir bhrí an *Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012*),

ansin ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo.”.

## CUID 3

## Forálacha atá Neodrach ó thaobh Costais de maidir le Luathscor do Bhreithiúna agus Oifigigh Chúirte Áirithe

Mínithe (*Cuid 3*).

**62**.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Acht 1961” Acht na gCúirteanna Breithiúnais agus na nOifigeach Cúirte (Aoisliúntas), 1961;

ciallaíonn “Acht 1991” Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991.

Leasú ar alt 2 d’Acht 1961.

**63**.—Leasaítear alt 2 d’Acht 1961—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (2A) den alt seo, ar phinsean faoi na hAchtanna a dheonú” a chur in ionad “Ar phinsean faoi na hAchtanna a dheonú”, agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ar phinsean a dheonú d’aon duine lena mbaineann an t-alt seo, de bhun rialacháin faoi alt 5 d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991, i gcás go laghdófar go hachtúireach méid an phinsin is iníoctha de bhíthin nach bhfuil an aois chuí de réir bhrí alt 6 den Acht sin slánaithe ag an duine sin, déanfar méid aon aisce arna deonú don duine sin faoi fho-alt (2) den alt seo a laghdú go hachtúireach faoi threoir—

(*a*) aois an duine sin ar an dáta a scoirfidh sé nó sí d’oifig a shealbhú mar bhreitheamh den Chúirt Uachtarach, den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda nó den Chúirt Dúiche, de réir mar a bheidh, agus

(*b*) aois chuí an duine sin, mar a dúradh,

de réir táblaí achtúireacha arna gceadú agus arna n-eisiúint ó am go ham ag an Aire.”.

Leasú ar alt 4 d’Acht 1961.

**64**.—Leasaítear alt 4 d’Acht 1961—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (2A) den alt seo, ar phinsean faoi na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 1951, a dheonú” a chur in ionad “Ar phinsean faoi na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 1951, a dheonú”, agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ar phinsean a dheonú d’aon duine lena mbaineann an t-alt seo, de bhun rialacháin faoi alt 5 d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú),

1991, i gcás go laghdófar go hachtúireach méid an phinsin is iníoctha de bhíthin nach bhfuil an aois chuí de réir bhrí alt 6 den Acht sin slánaithe ag an duine sin, déanfar méid aon aisce arna deonú don duine sin faoi fho-alt (2) den alt seo a laghdú go hachtúireach faoi threoir—

(*a*) aois an duine sin ar an dáta a scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú mar Mháistir na hArd-Chúirte nó mar Mháistir Fómhais, de réir mar a bheidh, agus

(*b*) aois chuí an duine sin, mar a dúradh,

de réir táblaí achtúireacha arna gceadú agus arna n-eisiúint ó am go ham ag an Aire.".

**65**.—Leasaítear alt 5(1) d'Acht 1991— Leasú ar alt 5(1) d'Acht 1991.

(*a*) i mír (*a*), trí "2 bhliain seirbhíse nó níos mó" a chur in ionad "cúig bliana seirbhíse nó níos mó", agus

(*b*) i mír (*b*), trí "2 bhliain seirbhíse nó níos mó" a chur in ionad "cúig bliana seirbhíse nó níos mó".

**66**.—Leasaítear alt 6 d'Acht 1991— Leasú ar alt 6 d'Acht 1991.

(*a*) i bhfo-alt (1), trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (*a*) agus (*b*):

"(*a*) do bhreitheamh nó i leith breithimh, lena n-áirítear breitheamh den Chúirt Dúiche, ar shlí seachas ar an aois chuí a bheith slánaithe aige nó aici nó ar é nó í d'fháil bháis, agus

(*b*) do dhuine, nó i leith duine, atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte, Mháistir Fómhais nó chláraitheora contae ar shlí seachas ar an aois chuí a bheith slánaithe aige nó aici nó ar é nó í d'fháil bháis.",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) D'ainneoin fhorálacha fho-alt (1) den alt seo maidir le haois nó le himeacht aimsire, féadfar, le rialacháin faoi alt 5 den Acht seo lena bhforáiltear pinsean a luaitear i bhfo-alt (1)(*a*) nó (1)(*b*) den alt sin a dheonú do bhreitheamh nó i leith breithimh, lena n-áirítear breitheamh den Chúirt Dúiche, nó do Mháistir na hArd-Chúirte nó ina leith, nó do Mháistir Fómhais nó ina leith, foráil a dhéanamh maidir le pinsean den sórt sin a dheonú do bhreitheamh, nó i leith breithimh, den sórt sin, nó do cibé oifigeach nó i leith cibé oifigeach, a scarfaidh lena oifig nó lena hoifig nó a scoirfidh d'oifig a shealbhú ar an aois shonraithe a shlánú ach roimh an aois chuí a shlánú, ar choinníoll go ndéanfar an pinsean is iníoctha sna himthosca sin a laghdú go hachtúireach faoi threoir—

(*a*) aois breithimh den sórt sin nó oifigigh den sórt sin ar an dáta a scarfaidh sé nó sí lena oifig nó

lena hoifig amhlaidh nó a scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú amhlaidh, de réir mar a bheidh, agus

(*b*) aois chuí breithimh den sórt sin nó oifigigh den sórt sin, de réir mar a bheidh,

de réir táblaí achtúireacha arna gceadú agus arna n-eisiúint ag an Aire ó am go ham.",

agus

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(6) San alt seo—

ciallaíonn 'aois chuí'—

(*a*) i ndáil le breitheamh den Chúirt Uachtarach, den Ard-Chúirt nó den Chúirt Chuarda—

(i) 70 bliain d'aois, nó

(ii) an aois is luaithe (ach nach lú ná 65 bliana d'aois) ag a mbeidh 15 bliana caite—

(I) ó dháta a cheaptha nó a ceaptha chun na hoifige ar scar sé nó sí léi, nó

(II) ó dháta a cheaptha nó a ceaptha chun na chéad oifige inar fhóin sé nó sí (i gcás seirbhís i mbreis agus oifig amháin a bheith i gceist ina chuid seirbhíse nó ina cuid seirbhíse),

cibé aois acu is túisce a shlánófar,

(*b*) i ndáil le breitheamh den Chúirt Dúiche, 65 bliana d'aois, agus

(*c*) i ndáil le duine atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte, Mháistir Fómhais nó cláraitheora contae, 65 bliana d'aois;

folaíonn 'pinsean' aisce tráth báis;

ciallaíonn 'aois shonraithe'—

(*a*) i ndáil le breitheamh, lena n-áirítear breitheamh den Chúirt Dúiche, 60 bliain d'aois, agus

(*b*) i ndáil le duine atá i seilbh oifig Mháistir na hArd-Chúirte nó Mháistir Fómhais, 60 bliain d'aois.".

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT UM BEARTA AIRGEADAIS ÉIGEANDÁLA AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL, 2010

**67**.—Sa Chuid seo, ciallaíonn "Acht 2010" an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2010.

Míniú (*Cuid 4*).

**68**.—Leasaítear alt 1 d'Acht 2010—

Leasú ar alt 1 d'Acht 2010.

(*a*) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'comhiomlánú pinsean seirbhíse poiblí' dhá phinsean seirbhíse poiblí nó níos mó is iníoctha le pinsinéir a chomhiomlánú faoi fho-alt (1A) d'alt 2 chun críocha fheidhm fho-alt (1) den alt sin i ndáil leis an bpinsinéir;

ciallaíonn 'ordú coigeartaithe pinsin' ordú faoi—

(*a*) alt 12 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995,

(*b*) alt 17 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996,

(*c*) alt 121 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010, nó

(*d*) alt 187 den Acht sin;",

agus

(*b*) sa mhíniú ar "scéim pinsean seirbhíse poiblí", trí "ach, seachas scéim arna déanamh i leith Banc Ceannais na hÉireann, ní fholaíonn sé" a chur in ionad "ach ní fholaíonn sé".

**69**.—Leasaítear alt 2 d'Acht 2010 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

Leasú ar alt 2 d'Acht 2010.

"(1A) Más rud é go bhfuil dhá phinsean seirbhíse poiblí nó níos mó iníoctha le pinsinéir, déanfar na pinsin sin go léir a chomhiomlánú d'fhonn fo-alt (1) a chur chun feidhme i ndáil leis an bpinsinéir.

(1B) I gcás ordú coigeartaithe pinsin a bheith déanta i ndáil le pinsean seirbhíse poiblí, déanfar méid bliantúlaithe an phinsin seirbhíse poiblí a laghdú faoin alt seo sula ndéanfar é a íoc de réir fhorálacha an ordaithe coigeartaithe pinsin.".

**70**.—Leasaítear alt 4 d'Acht 2010 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

Leasú ar alt 4 d'Acht 2010.

"(1) Gan dochar d'fho-alt (2), déanfar laghduithe ar phinsin seirbhíse poiblí faoi alt 2 a íoc nó a dhiúscairt de réir mar a ordóidh an tAire agus, go háirithe, féadfaidh an tAire, chun pinsin seirbhíse poiblí a chomhiomlánú, a ordú d'údarás íoca—

(*a*) méid bliantúlaithe pinsin seirbhíse poiblí is iníoctha ag an údarás íoca le pinsinéir a laghdú de mhéid iomlán an laghdaithe a bhfuil feidhm aige i ndáil leis an bpinsinéir faoi alt 2 i leith na bpinsean seirbhíse poiblí go léir is iníoctha leis nó léi, nó

(*b*) gan méid bliantúlaithe pinsin seirbhíse poiblí is iníoctha ag an údarás íoca le pinsinéir a laghdú de réir alt 2.”.

Leasú ar alt 5 d’Acht 2010.

**71**.—Leasaítear alt 5 d’Acht 2010—

(*a*) i bhfo-alt (1)(*b*), trí “faoi réir ordachán arna thabhairt ag an Aire faoi alt 4(1) chun pinsin seirbhíse poiblí a chomhiomlánú,” a chur isteach roimh “ní bheidh aon údarás íoca i dteideal méid pinsin seirbhíse poiblí a íoc”, agus

(*b*) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir ordachán arna thabhairt ag an Aire faoi alt 4(1) chun pinsin seirbhíse poiblí a chomhiomlánú, má íocann údarás íoca le pinsinéir” a chur in ionad “Má íocann údarás íoca le pinsinéir”.

Dualgas faisnéis, etc., a thabhairt.

**72**.—Leasaítear Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 6:

“6A.—(1) Déanfaidh pinsinéir, i ndáil leis féin nó léi féin, cibé faisnéis a sholáthar d’údarás íoca is gá chun pinsin seirbhíse poiblí a chomhiomlánú i ndáil leis an bpinsinéir sin.

(2) Aon duine, seachas pinsinéir, atá ag fáil (cibé acu ina leith féin nó ar shlí eile) pinsean seirbhíse poiblí, nó cuid de phinsean seirbhíse poiblí, is iníoctha leis an bpinsinéir, déanfaidh sé nó sí cibé faisnéis a sholáthar d’údarás íoca is gá chun pinsin seirbhíse poiblí a chomhiomlánú i ndáil leis an bpinsinéir sin.

(3) Féadfaidh údarás íoca cibé faisnéis a aistriú chuig an Aire nó chuig aon údarás íoca eile, is faisnéis arna soláthar don údarás íoca faoi fho-alt (1) nó (2)—

(*a*) a mheasfaidh an t-údarás íoca is gá,

(*b*) a iarrfaidh an tAire, nó

(*c*) a iarrfaidh an t-údarás íoca eile sin,

chun pinsin seirbhíse poiblí a chomhiomlánú i ndáil leis an bpinsinéir lena mbaineann.”.

An Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a úsáid.

**73**.—Leasaítear Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 6A (a cuireadh isteach le *halt 72*):

“6B.—(1) Déanfaidh pinsinéir, i ndáil le pinsean seirbhíse poiblí, a uimhir nó a huimhir phearsanta seirbhíse poiblí a sholáthar don údarás íoca lena mbaineann.

(2) Aon duine, seachas pinsinéir, atá ag fáil (cibé acu ina leith féin nó i leith duine eile) pinsean seirbhíse poiblí, nó cuid de phinsean seirbhíse poiblí, is iníoctha leis an bpinsinéir, déanfaidh

sé nó sí, i ndáil leis an bpinsean seirbhíse poiblí, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an phinsinéara a sholáthar don údarás íoca lena mbaineann.

(3) Féadfaidh údarás íoca uimhir phearsanta seirbhíse poiblí pinsinéara a úsáid mar aitheantóir uathúil chun faisnéis maidir le pinsean seirbhíse poiblí is iníoctha leis an bpinsinéir a thaifeadadh agus, aon uair a aistreoidh sé faisnéis i ndáil leis an bpinsinéir sin chuig an Aire nó chuig údarás íoca eile, féadfaidh sé an uimhir sin a úsáid, agus, más cuí, measfar go ndearnadh an uimhir a sholáthar faoi fho-alt (1) nó (2), de réir mar a bheidh.

(4) San alt seo, tá le 'uimhir phearsanta seirbhíse poiblí', i ndáil le pinsinéir, an bhrí atá leis in alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.".

Deireadh a chur le hamhrais.

**74**.—Leasaítear Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 12:

"12.—(1) Tá feidhm ag fo-alt (2) i gcás go n-eascróidh amhras, ceist nó díospóid in oibriú an Achta seo i dtaobh na nithe seo a leanas—

(*a*) cibé acu is duine nó nach duine a bhfuil a phinsean nó a pinsean seirbhíse poiblí faoi réir alt 2 duine, nó

(*b*) cás ina bhfuil feidhm ag alt 2 maidir le pinsean seirbhíse poiblí, an modh ina bhfuil feidhm aige amhlaidh, lena n-áirítear in imthosca ina ndearnadh ordú coigeartaithe pinsean i ndáil leis an bpinsean seirbhíse poiblí.

(2) Maidir leis an amhras, leis an gceist nó leis an díospóid lena mbaineann—

(*a*) déanfaidh an t-údarás íoca i ndáil leis an bpinsean seirbhíse poiblí lena mbaineann é nó í a chur faoi bhráid an Aire, agus

(*b*) cinnfidh an tAire é nó í tar éis dul i gcomhairle le cibé daoine (más ann) is cuí leis an Aire sna himthosca,

agus is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Aire maidir leis an amhras, leis an gceist nó leis an díospóid.".

*Alt 5.*

AN SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ NACH MBAINEANN AN MÍNIÚ AR "COMHLACHT SEIRBHÍSE POIBLÍ" LEO

1. Aon chomhlacht corpraithe a bunaíodh le hAcht Parlaiminte roimh an 6 Nollaig 1922, ar chomhlacht de chineál tráchtála é, ar é a bhunú.

2. Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc Teoranta.

3. Bord Gáis Éireann.

4. Bord na gCon.

5. Bord na Móna.

6. Córas Iompair Éireann.

7. Coillte Teoranta (is cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí de réir mar a fhoráiltear le halt 9 den Acht Foraoiseachta, 1988).

8. Údarás Aerfort Chorcaí, cuideachta phoiblí theoranta.

9. Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, cuideachta phoiblí theoranta.

10. Bord Soláthair an Leictreachais.

11. EirGrid.

12. Údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta, 1946, nó cuideachta lena mbaineann alt 7 den Acht Cuanta, 1996.

13. Rásaíocht Capall Éireann.

14. Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta.

15. Údarás Eitlíochta na hÉireann.

16. An Post.

17. Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

18. Raidió Teilifís Éireann.

19. Údarás Aerfort na Sionna, cuideachta phoiblí theoranta.

20. Teilifís na Gaeilge.

21. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.

22. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

23. Fochuideachta do chomhlacht lena mbaineann an Sceideal seo, lena n-áirítear fochuideachta de chuid aon fhochuideachta den sórt sin.